

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

16 Iúil 2021



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom 1

II Gníomhartha neamhreachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1164 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2021 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Willamette Valley” (TGFC) 11
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1165 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2021 lena n-údaráítear táirgí agus substaintí áirithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus lena mbunaítear a liostaí ⁽¹⁾ ... 13
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1166 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 a mhéid a bhaineann leis an dáta cur i bhfeidhm a chur siar le haghaidh cásanna caighdeánacha maidir le hoibríochtaí a dhéantar laistigh d’amharclíne súl nó lasmuigh di ⁽¹⁾ 49

CINNÍ

- ★ Cinneadh Tarmlichte (AE) 2021/1167 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2021 lena mbunaítear an creat ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíoch, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíoch in earnáil an iascaigh agus san earnáil do Bharshaothraithe ó 2022 51

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1168 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2021 lena mbunaítear liosta na suirbhéanna taighde sainordaitheacha ar muir agus na dtairseacha sainordaitheacha mar chuid de chlár ilbhliantúil an Aontais maidir le bailiú agus bainistiú na sonraí in earnálacha an iascaigh agus an docharshaothraithe ó 2022 92

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE, Euratom) 2021/1163 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 24 Meitheamh 2021

lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 228(4) de,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a(1) de,

Tar éis di an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don toiliú ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach ⁽²⁾,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ba cheart na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman a leagan síos i gcomhréir le forálacha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 20(2), pointe (d), agus Airteagal 228 de, an Chonartha lena mbunaítear an Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an “Chart”).
- (2) Rinneadh Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa ⁽³⁾ a leasú go deireanach in 2008. Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin an 1 Nollaig 2009, ba cheart Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom, a aisghairm agus Rialachán arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 228(4) CFAE a chur ina ionad.
- (3) Aithnítear in Airteagal 41 den Chart go bhfuil an ceart chun dea-riaracháin ina cheart bunúsach ag saoránaigh an Aontais. In Airteagal 43 den Chart, aithnítear an ceart chun cásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí an Aontais a tharchur chuig an Ombudsman Eorpach. Chun a áirithiú go mbeadh na cearta sin éifeachtach agus chun cur le hacmhainneacht an Ombudsman fiosrúcháin chríochnúla agus neamhchlaonta a sheoladh, atá mar bhonn agus mar thaca ag neamhspleáchas an Ombudsman, ba cheart go soláthrófaí dó nó di gach uirlis is gá chun na dualgais dá dtagraítear sna Conarthaí agus sa Rialachán seo a chomhlíonadh.

⁽¹⁾ Toiliú an 18 Meitheamh 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Tuairim an 18 Meitheamh 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽³⁾ Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113, 4.5.1994, lch. 15).

- (4) Ba cheart go mbeadh bunú na gcoinníollacha faoina bhféadfar gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman i gcomhréir le prionsabal na rochtana iomláine, saoire agus éasca, ag féachaint go cuí do na srianta sonracha arna n-eascairt as imeachtaí dlí agus riaracháin.
- (5) Ba cheart go dtabharfadh an tOmbudsman aird chuí ar inniúlachtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais is ábhar dá fhiosrúcháin nó dá fiosrúcháin.
- (6) Is gá go leagfaí síos na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás ina nochtfaidh fiosrúcháin an Ombudsman cásanna drochriaracháin. Ba cheart don Ombudsman tuarascáil chuimsitheach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa ag deireadh gach seisiúin bhliantúil. Ba cheart go mbeadh an tOmbudsman i dteideal measúnú ar chomhlíonadh na moltaí arna ndéanamh a áireamh sa tuarascáil bhliantúil sin freisin.
- (7) Chun ról an Ombudsman a neartú agus chun dea-chleachtais riaracháin laistigh d'institiúidí, de chomhlachtaí, d'oifigí agus de ghníomhaireachtaí an Aontais a chur chun cinn, is inmhianta a lamháil don Ombudsman, gan dochar dá príomhdhualgas nó dá príomhdhualgas, ar a bhfuil sé mar chúram déileáil le gearáin, fiosrúcháin fhéintionscnaimh a dhéanamh aon uair a aimsíonn sé nó sí forais, go háirithe i gcásanna leanúnacha, sistémacha nó fíorthromchúiseacha drochriaracháin.
- (8) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, mar a chomhlánaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, maidir le hiarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid an Ombudsman, diomaite díobh sin a fhaightear le linn fiosrúcháin, ar ina leith ba cheart d'institiúid, do chomhlacht, d'oifig nó do ghníomhaireacht tionscnaimh an Aontais déileáil le hiarrataí.
- (9) Ba cheart rochtain a bheith ag an Ombudsman ar na nithe go léir atá riachtanach i gcomhair chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas. Chuige sin, ba cheart d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais aon fhaisnéis a iarrann an tOmbudsman le haghaidh fiosrúcháin a sholáthar dó nó di. I gcás inar ghá, chun dualgais an Ombudsman a fheidhmiú, faisnéis rúnaicmithe atá i seilbh institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais nó i seilbh údaráis inniúla na mBallstát a sholáthar don Ombudsman, ba cheart go mbeadh an tOmbudsman in ann rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin, faoi réir a áirithiú go gcomhlíontar na rialacha maidir lena chosaint.
- (10) Ba cheart go mbeidh oibleagáid ar an Ombudsman agus ar a fhoireann nó ar a foireann déileáil faoi rún le haon fhaisnéis a gheobhaidh le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh, gan dochar don oibleagáid atá ar an Ombudsman údaráis inniúla na mBallstát a chur ar an eolas faoi fhíorais a bhféadfadh baint a bheith acu le cionta coiriúla agus a thioctaidh ar a aire nó ar a haire le linn fiosrúcháin. Ba cheart an tOmbudsman a bheith in ann an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais a chur ar an eolas freisin faoi na fíorais a chaitheann amhras ar iompar duine dá bhfoireann. Maidir leis an oibleagáid atá ar an Ombudsman déileáil faoi rún le haon fhaisnéis a gheofar le linn dó nó di a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh, ba cheart í a thuiscint gan dochar d'oibleagáid an Ombudsman a chuid oibre nó a cuid oibre a dhéanamh ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir de bhun Airteagal 15(1) CFAE. Go háirithe, chun a chuid dualgas nó a cuid dualgas a chomhlíonadh go cuí agus chun tacú lena tháatal nó lena tátal, ba cheart go mbeadh an tOmbudsman in ann tagairt a dhéanamh ina thuarascálacha nó ina tuarascálacha d'aon fhaisnéis atá inrochtana ag an bpobal.
- (11) I gcás inar gá sin chun a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh go héifeachtach, ba cheart deis a bheith ag an Ombudsman oibriú i gcomhar le húdaráis na mBallstát, agus faisnéis a mhalartú leo, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme agus dlí an Aontais is infheidhme, agus le hinstiúidí, le comhlachtaí, le hoifigí nó le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail (IO L 264, 25.9.2006, lch. 13).

- (12) Ba cheart Parlaimint na hEorpa an tOmbudsman a thoghadh ag tús an téarma pharlaimintigh agus go ceann an téarma sin, agus an tOmbudsman a roghnú as measc daoine ar saoránaigh den Aontas iad agus a thugann gach ráthaíocht riachtanach neamhspleáchais agus inniúlachta. Ba cheart coinníollacha ginearálta a leagan síos freisin *inter alia* a bhaineann le scor dhualgais an Ombudsman, duine a cheapadh in ionad an Ombudsman, neamh-chomhoiriúnachtaí, luach saothair an Ombudsman agus díolúintí an Ombudsman.
- (13) Ba cheart a shonrú gur cheart gurb í ceanncheathrú Pharlaimint na hEorpa ceanncheathrú an Ombudsman mar a chinntear leis an Airteagal Aonair, pointe (a), de Phrótocal Uimh. 6 maidir le suíomh cheanncheathrúna na n-institiúidí agus maidir le suíomh ceanncheathrúna comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus ranna áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh, i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("Prótocal Uimh. 6").
- (14) Ba cheart don Ombudsman paireacht inscne a bhaint amach laistigh de chomhdhéanamh a rúnaíochta, ag féachaint go cuí d'Airteagal 1d(2) de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle ⁽⁶⁾ ("na Rialachán Foirne").
- (15) Is faoin Ombudsman atá sé na forálacha cur chun feidhme don Rialachán seo a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún Eorpach. In éagmais tuairim ó na hinstiúidí sin laistigh den tréimhse ama arna socrú go réasúnach ag an Ombudsman roimh ré, is féidir leis nó léi na forálacha cur chun feidhme lena mbaineann a ghlacadh. Chun cinnteacht dhlíthiúil agus na caighdeáin is airde ó thaobh chomhlíonadh dhualgais an Ombudsman de a ráthú, ba cheart inneachar fosta na bhforálacha cur chun feidhme a bheidh le glacadh a bhunú sa Rialachán seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus prionsabail

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh).
2. Beidh an tOmbudsman neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna agus gníomhóidh sé nó sí gan aon údarás roimh ré.
3. Cuideoidh an tOmbudsman le drochriarachán a nochtadh i ngníomhaíochtaí institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, cé is moite de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus í ag gníomhú ina ról breithiúnach, ag féachaint go cuí d'Airteagal 20(2), pointe (d), agus Airteagal 228 CFAE agus Airteagal 41 den Chairt maidir leis an gceart chun dea-riaracháin.

Ní fhéadfaidh aon gníomh a dhéanann aon údarás nó duine eile a bheith ina ábhar gearáin don Ombudsman.

4. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an tOmbudsman moltaí, tograí réitigh agus moltaí le haghaidh feabhais chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist.
5. I gcomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas, ní fhéadfaidh an tOmbudsman amhras a chaitheamh ar a fhóna atá rialú cúirte ná ar inniúlacht cúirte chun rialú a eisiúint.

Airteagal 2

Gearáin

1. Féadfaidh aon saoránach den Aontas nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar a bhfuil cónaí i mBallstát, nó ag a bhfuil a oifig chláráithe i mBallstát, gearán a thaisceadh leis an Ombudsman, go díreach nó trí fheisire de Pharlaimint na hEorpa, maidir le cas drochriaracháin.

⁽⁶⁾ IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

2. Déanfaidh gearán tagairt shoiléir d'údar an ghearáin agus do chéannacht an ghearánaigh. Féadfaidh gearánach a iarraidh go ndéanfaí an gearán, nó codanna den ghearán, a choinneáil faoi rún.
3. Déanfar gearán a thaisceadh laistigh de 2 bhliain ón dáta a tháinig na fíorais ar a bhfuil an gearán bunaithe ar aire an ghearánaigh. Sula ndéanfar an gearán a thaisceadh, rachaidh an gearánach i dteagmháil ar an mbealach oiriúnach riaracháin leis an institiúid, leis an gcomhlacht, leis an oifig nó leis an gníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais.
4. Déanfaidh an tOmbudsman gearán a dhíbhe toisc é a bheith neamh-inghlactha má tá sé lasmuigh de shainordú an Ombudsman nó mura bhfuil na ceanglais nós imeachta a leagtar síos i míreanna 2 agus 3 á gcomhlíonadh. I gcás gearán a bheith lasmuigh de shainordú an Ombudsman, féadfaidh sé nó sí a rá leis an ngearánach é a chur faoi bhráid údarás eile.
5. Má chinneann an tOmbudsman gur follasach go bhfuil an gearán gan bhunús, dúnfaidh sé nó sí an comhad agus cuirfidh sé an gearánach ar an eolas faoin gcinneadh sin. I gcás inar chuir an gearánach an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais ar an eolas faoina ghearán, cuirfidh an tOmbudsman an t-údarás lena mbaineann ar an eolas faoi freisin.
6. Maidir le gearáin a bhaineann le caidreamh fostaíochta idir institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus a bhfoireann, ní bheidh siad inghlactha ach amháin má tá na nósanna imeachta riaracháin inmheánacha uile ídithe ag an duine lena mbaineann, go háirithe iadsan dá dtagraítear in Airteagal 90 de na Rialacháin Foirne, agus má tá cinneadh déanta ag údarás inniúil na hinstitiúide, an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta lena mbaineann de chuid an Aontais nó má tá na teorainneacha ama dá fhreagra imithe in éag. Ina theannta sin, beidh an tOmbudsman i dteideal fíorú a dhéanamh ar na bearta arna nglacadh ag údarás inniúil na hinstitiúide, an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta lena mbaineann de chuid Aontais chun cosaint daoine ar ina leith a líomhnaítear gur íospartaigh ciaptha iad a áirithiú agus chun timpeallacht oibre shláintiúil agus shábháilte a athbhunú agus fós dínit na ndaoine lena mbaineann a urramú agus fiosrúchán riaracháin ar bun, ar choinníoll go bhfuil na nósanna imeachta riaracháin inmheánacha maidir leis na bearta sin ídithe ag na daoine lena mbaineann.
7. Déanfaidh an tOmbudsman an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais a chur ar an eolas a luaithe a bheidh sé dearbhaithe go bhfuil gearán arna chlárú aige nó aici ina ghearán inghlactha agus go mbeidh cinneadh déanta aige nó aici fiosrúchán a oscailt.
8. Ní dhéanfaidh gearáin a thaiscfear leis an Ombudsman difear do theorainneacha ama maidir le hachomhairc in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha.
9. Nuair nach mór don Ombudsman, mar gheall ar imeachtaí dlíthiúla atá ar siúl nó atá críochnaithe agus a bhaineann leis na fíorais atá curtha chun cinn, a dhearbhuí nach bhfuil gearán inghlactha nó ina gcinneann sé breithniú an ghearáin a fhoirceannadh, déanfar toradh aon fhiosrúcháin atá déanta ag an Ombudsman go dtí sin a chomhdú agus dúnfar an comhad.
10. Cuirfidh an tOmbudsman an gearánach ar an eolas a luaithe is féidir faoin ngníomhaíocht a rinneadh i leith an ghearáin agus, a mhéid is féidir, lorgóidh sé nó sí réiteach leis an institiúid, leis an gcomhlacht, leis an oifig nó leis an gníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais chun deireadh a chur leis an gcás drochriaracháin. Cuirfidh an tOmbudsman an gearánach ar an eolas faoin réiteach arna mholadh agus freisin faoi aon bharúlacha, más ann dóibh, ón institiúid, ón gcomhlacht, ón oifig nó ón gníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais. Féadfaidh an gearánach barúlacha a chur isteach nó, uair ar bith tuilleadh faisnéise a sholáthar, ar faisnéis í nach raibh ar eolas tráth a cuireadh an gearán isteach.

I gcás ina n-aimsítear réiteach ar ghlac an gearánach agus ag an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais leis, féadfaidh an tOmbudsman an comhad a dhúnadh gan an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 4 a shaothrú.

Airteagal 3

Fiosrúcháin

1. I gcomhréir lena dhualgais nó lena dualgais, déanfaidh an tOmbudsman fiosrúcháin ar ina leith a aimseoidh sé nó sí forais, ar a thionscnamh féin nó ar a tionscnamh féin nó de dhroim gearáin.
2. Déanfaidh an tOmbudsman an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais a chur ar an eolas gan moill mhíchúí faoi na fiosrúcháin sin. Gan dochar d'Airteagal 5, féadfaidh an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais, ar a thionscnamh féin nó ar a tionscnamh féin, nó arna iarraidh sin ag an Ombudsman, aon bharúil nó fianaise úsáideach a thíolacadh.

3. Féadfaidh an tOmbudsman fiosrúcháin fhéintionscnaimh a dhéanamh aon uair a aimsíonn sé nó sí forais, go háirithe i gcásanna de dhrochriarachán leanúnach, córasach nó fíorthromchúiseach chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna sin mar shaincheist a bhaineann le leas an phobail. I gcomhthéacs na bhfiosrúcháin sin, féadfaidh sé nó sí freisin tograí agus tionscnaimh a dhéanamh chun dea-chleachtais riaracháin a chur chun cinn in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i ngníomhaireachtaí de chuid an Aontais.

Airteagal 4

An idirghníomhaíocht idir an tOmbudsman agus na hinstiúidí

1. Más rud é, i ndiaidh fiosrúcháin, go n-aimsíonn an tOmbudsman cásanna drochriaracháin, déanfaidh sé nó sí, gan moill mhíchúí, an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais a chur ar an eolas faoi thorthaí an fhiosrúcháin agus, i gcás inarb iomchúí, déanfaidh sé nó sí moltaí.
2. Déanfaidh an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais tuairim mhionsonraithe a chur chuig an Ombudsman laistigh de 3 mhí. Féadfaidh an tOmbudsman, ar iarraidh réasúnaithe ón institiúid, ón gcomhlacht, ón oifig nó ón ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais, síneadh ama ar an spriocdháta sin a thabhairt. Ní rachaidh an síneadh sin thar 2 mhí. I gcás nach dtabharfaidh an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais aon tuairim laistigh den spriocdháta de 3 mhí nó laistigh den spriocdháta arna fhadú, féadfaidh an tOmbudsman an fiosrúchán a dhúnadh gan an tuairim sin a fháil.
3. Ar dhúnadh fiosrúcháin, déanfaidh an tOmbudsman tuarascáil a chur ar aghaidh chuig an institiúid, chuig an gcomhlacht, chuig an oifig nó chuig an ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais agus i gcás ina n-éilíonn cineál nó scála an drochriaracháin a nochtadh amhlaidh, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa. Féadfaidh an tOmbudsman moltaí a dhéanamh sa tuarascáil. Cuirfidh an tOmbudsman an gearánach ar an eolas faoi thoradh an fhiosrúcháin, faoin tuairim arna dtabhairt ag an institiúid, ag an gcomhlacht, ag an oifig nó ag an ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais agus faoi aon mholtaí arna ndéanamh sa tuarascáil.
4. I gcás inarb iomchúí i ndáil le fiosrúchán ar ghníomhaíochtaí a rinne institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, féadfar éisteacht a thabhairt don Ombudsman os comhair Pharlaimint na hEorpa, ar an leibhéal iomchúí, ar a thionscnamh féin nó ar a tionscnamh féin, nó arna iarraidh sin ag Parlaimint na hEorpa.
5. Ag deireadh gach seisiúin bhliantúil, déanfaidh an tOmbudsman tuarascáil ar thorthaí na bhfiosrúcháin a rinne sé nó sí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Sa tuarascáil, áireofar measúnú ar a mhéid a comhlíonadh moltaí, tograí réitigh agus moltaí le haghaidh feabhais an Ombudsman. Sa tuarascáil, áireofar freisin, i gcás inarb ábhartha, toradh fhiosrúcháin an Ombudsman maidir le ciapadh, sceithireacht agus coinbhleachtaí leasa laistigh d'institiúidí, de chomhlachtaí, d'oifigí nó de ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais.

Airteagal 5

Faisnéis a sholáthar don Ombudsman

1. Chun críocha an Airteagail seo, áirítear le “soláthar faisnéise” na modhanna fisiciúla agus leictreonacha uile trína dtugtar rochtain don Ombudsman agus dá rúnaíocht ar fhaisnéis, lena n-áirítear doiciméid, go neamhspleách ar a fhoirm.
2. Ciallaíonn “faisnéis rúnaicmithe AE” aon fhaisnéis nó ábhar a dtabharfar aicmiúchán slándála AE di nó dó, a bhféadfadh leibhéal éagsúla dochair do leasanna an Aontais Eorpaigh nó do leasanna ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit teacht as a nochtadh neamhúdairithe.
3. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo, déanfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus údaráis inniúla na mBallstát, arna iarraidh sin ag an Ombudsman nó ar a dtionscnamh féin, agus gan aon mhoill mhíchúí, aon fhaisnéis arna hiarraidh ag an Ombudsman chun críoch fiosrúcháin a sholáthar dó nó di.
4. Soláthrófar faisnéis rúnaicmithe AE don Ombudsman faoi réir na bprionsabal agus na gcoinníollacha seo a leanas:
 - (a) caithfidh a nósanna imeachta inmheánacha ábhartha a bheith tugtha i gcrích ag an institiúid, ag an gcomhlacht, ag an oifig nó ag an ghníomhaireacht de chuid an Aontais ag a bhfuil faisnéis rúnaicmithe AE á soláthar agus, i gcás inar tríd páirtí é an tionscnóir, caithfidh go bhfuil a thoiliú tugtha i scríbhinn roimh ré ag an tionscnóir;

- (b) caithfidh gur suíodh go bhfuil an tOmbudsman i ngátar feasa;
- (c) ní mór a áirithiú nach dtabharfar rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL, ná ar fhaisnéis níos uachtaraí ná sin, ach do dhaoine ag a bhfuil imréiteach slándála chuig an leibhéal slándála ábhartha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus arna údarú ag an údarás slándála inniúil.

5. Maidir le faisnéis rúnaicmithe AE a sholáthar, déanfaidh an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais measúnú i dtaobh cé acu a rinne nó nach ndearna an tOmbudsman rialacha slándála inmheánaí, mar aon le bearta fisiceacha agus níos imeachta chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint, a leagan síos go héifeachtach. Chuige sin, féadfaidh an tOmbudsman agus institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais socrú a dhéanamh freisin lena mbunófar creat ginearálta lena rialófar soláthar faisnéise rúnaicmithe AE.

6. I gcomhréir le míreanna 4 agus 5, soláthrófar rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe AE in áitreabh na hinstitiúide, an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta lena mbaineann de chuid an Aontais, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Ombudsman.

7. Gan dochar do mhír 3, féadfaidh údarás inniúla na mBallstát diúltú faisnéis a sholáthar don Ombudsman, ar faisnéis í a chumhdaítear le dlíthe náisiúnta maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe nó le forálacha lena gcuirtear cosc ar chraobhscaoileadh na faisnéise sin.

Mar sin féin, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis sin a sholáthar don Ombudsman faoi réir coinníollacha arna leagan amach ag a údarás inniúil.

8. I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag institiúidí, ag comhlachtaí, ag oifigí nó ag gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus ag údarás inniúla na mBallstát faisnéis rúnaicmithe AE nó aon fhaisnéis eile nach bhfuil inrochtana ag an bpobal a sholáthar don Ombudsman, cuirfidh siad an tOmbudsman ar an eolas faoi sin roimh ré.

Áiritheoidh an tOmbudsman go dtabharfar cosaint leormhaith don fhaisnéis sin agus go háirithe ní nochtfaidh sé nó sí don ghearánach ná don phobal í gan toiliú roimh ré a fháil ón institiúid, ón gcomhlacht, ón oifig nó ón ngníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais nó ó údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann. Maidir le faisnéis rúnaicmithe AE, is i scríbhinn a thabharfar an toiliú.

9. Déanfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a dhiúltaíonn rochtain a thabhairt ar fhaisnéis rúnaicmithe AE údar a thabhairt don Ombudsman i scríbhinn, ina luafar, ar a laghad, na forais atá leis an diúltú.

10. Ní choinneoidh an tOmbudsman seilbh ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 8 ach go dtí go gcuirfear clabhsúr go cinntitheach ar an bhfiosrúchán.

Féadfaidh an tOmbudsman a iarraidh ar institiúid, ar chomhlacht, ar oifig nó ar ghníomhaireacht de chuid an Aontais, nó ar Bhallstát, an fhaisnéis sin a choinneáil go ceann tréimhse 5 bliana ar a laghad.

11. Mura bhfuil an cúnadh arna iarraidh á thabhairt, féadfaidh an tOmbudsman Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi sin, agus gníomhóidh an Pharlaimint dá réir.

Airteagal 6

Rochtain phoiblí ar dhoiciméid an Ombudsman

Déileálfaidh an tOmbudsman le hiarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid, cé is moite díobh siúd a fhaightear le linn fiosrúcháin agus a shealbhaíonn an tOmbudsman, lena n-áirítear tar éis clabhsúr a bheith curtha air, i gcomhréir leis na coinníollacha agus na teorainneacha dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, arna chomhlánú le Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006.

Airteagal 7

Éisteacht a thabhairt d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile

1. Tabharfar éisteacht d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, arna iarraidh sin ag an Ombudsman, maidir le fíorais a bhaineann le fiosrúchán atá ar bun ag an Ombudsman.

2. Labhróidh na hoifigigh agus na seirbhísigh eile sin thar ceann a n-institiúide, a gcomhlachta, a n-oifige nó a ngníomhaireachta. Leanfaidh siad de bheith faoi cheangal ag na hoibleagáidí a eascraíonn as na rialacha a bhfuil siad faoina réir.

Airteagal 8

Fiosrúcháin i gcomhthéacs sceithireachta

1. Féadfaidh an tOmbudsman fiosrúchán a dhéanamh chun teacht ar chásanna drochriaracháin i láimhseáil na faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal 22a de na Rialacháin Foirne a nocht oifigeach nó seirbhíseach eile dó nó di i gcomhréir leis na rialacha ábhartha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne.
2. I gcásanna den sórt sin, tairbheoidh an t-oifigeach nó an seirbhíseach eile den chosaint a thugtar leis na Rialacháin Foirne ar aon éifeachtaí dochracha ar thaobh institiúid, chomhlacht, oifig nó ghníomhaireacht an Aontais mar thoradh ar an bhfaisnéis a bheith curtha in iúl aige nó aici.
3. Féadfaidh an tOmbudsman a fhiosrú freisin an raibh aon chás drochriaracháin i gceist i láimhseáil an cháis sin ag an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais, lena n-áirítear maidir le cosaint an oifigigh nó an tseirbhísigh eile lena mbaineann.

Airteagal 9

Rúndacht ghairmiúil

1. Ní nochtfaidh an tOmbudsman ná a fhoireann nó a foireann faisnéis ná doiciméid a gheobhaidh siad le linn fiosrúcháin. Gan dochar do mhír 2, ní nochtfaidh siad, go háirithe, aon fhaisnéis rúnaicmithe AE ná aon doiciméid inmheánacha de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí an Aontais a sholáthraítear don Ombudsman ná doiciméid a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta. Ina theannta sin, ní nochtfaidh siad aon fhaisnéis a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chearta an ghearánaigh nó do chearta aon duine eile lena mbaineann.
2. Gan dochar don oibleagáid ghinearálta atá ar institiúidí, ar chomhlachtaí, ar oifigí agus ar ghníomhaireachtaí uile an Aontais tuairisciú don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (⁷), más rud é go bhféadfadh sé gur cion coiriúil iad fíoras a n-aimsítear le linn fiosrúcháin Ombudsman, nó go bhféadfadh baint a bheith ag na forais sin le cion coiriúil, tuairisceoidh an tOmbudsman do na húdaráis inniúla náisiúnta agus, a mhéid a thagann an cás faoi réim a n-inniúlachtaí faoi seach, d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle (⁸) agus do OLAF.
3. Más iomchuí, agus le comhaontú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh nó le comhaontú OLAF, déanfaidh an tOmbudsman an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais ag a bhfuil údarás ar an oifigeach nó ar an seirbhíseach eile lena mbaineann a chur ar an eolas faoi sin freisin, agus d'fhéadfadh sé nó sí tús a chur leis na nósanna imeachta iomchuí.

Airteagal 10

Comhar le húdaráis na mBallstát agus le hinstiúidí, le comhlachtaí, le hoifigí agus le gníomhaireachtaí an Aontais

1. I gcás inar gá sin chun a dhualgais nó a dualgais a dhéanamh, féadfaidh an tOmbudsman oibriú i gcomhar le húdaráis na mBallstát, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme agus le dlí an Aontais is infheidhme.

(⁷) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

(⁸) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

2. Faoi raon feidhme a dhualgas nó a dualgas, féadfaidh an tOmbudsman oibriú i gcomhar freisin le hinstiúidí, le comhlachtaí, le hoifigí agus le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, go háirithe leo siúd atá i gceannas ar chur chun cinn agus ar chosaint na gceart bunúsach. Seachnóidh an tOmbudsman aon fhorluí nó dúbláil ar ghníomhaíochtaí na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí nó na ngníomhaireachtaí sin de chuid an Aontais.

3. Is trína mbuanionadaíochtaí chuig an Aontas a dhéanfar cumarsáid a chur faoi bhráid údaráis na mBallstát chun críocha an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, ach amháin i gcás ina gcomhaontaíonn an bhuanionadaíocht lena mbaineann go bhféadfaidh rúnaíocht an Ombudsman teagmháil dhíreach a dhéanamh le húdaráis an Bhallstáit lena mbaineann.

Airteagal 11

An tOmbudsman a thoghadh

1. Déanfar an tOmbudsman a thoghadh, agus beidh sé nó sí incháilithe lena athcheapadh, i gcomhréir le hAirteagal 228(2) CFAE as measc na n-iarrthóirí arna roghnú de réir nós imeachta trédhearcach.

2. Tar éis fhoilsiú an ghlaio ar ainmniúcháin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, roghnófar an tOmbudsman ó dhaoine:
- atá ina saoránaigh den Aontas Eorpach,
 - a bhfuil lánchearta sibhialta agus polaitiúla acu,
 - a thugann gach ráthaíocht neamhspleáchais,
 - a chomhlíonann na coinníollacha is gá chun an oifig bhreithiúnach is airde ina dtír féin a fheidhmiú nó ag a bhfuil an inniúlacht agus na cáilíochtaí aitheanta acu chun dul i mbun dhualgais an Ombudsman, agus
 - nach raibh siad ina gcomhaltaí de rialtais náisiúnta ná ina gcomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa, den Chomhairle Eorpach, ná den Choimisiún Eorpach laistigh de 2 bhliain roimh dháta foilsithe an ghlaio ar ainmniúcháin.

Airteagal 12

Scor dhualgais an Ombudsman

1. Scorfaidh an tOmbudsman dá chuid nó dá cuid dualgais a fheidhmiú ag deireadh a théarma oifige nó a téarma oifige nó ar é nó í éirí as an bpost nó tráth a bhristear é nó í.

2. Ach amháin i gcás ina ndéantar an tOmbudsman a bhriseadh, fanfaidh an tOmbudsman in oifig go dtí go dtoghfar Ombudsman nua.

3. I gcás luathscor de na dualgais, toghfar Ombudsman nua laistigh de 3 mhí ón tráth a thiocfaidh an oifig chun bheith folamh agus beidh an tOmbudsman nua sin i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige Parlaimint na hEorpa. Go dtí go dtoghfar an tOmbudsman, beidh an príomhoifigeach dá dtagraítear in Airteagal 16(2) freagrach as nithe práinneacha a thagann faoi dhualgais an Ombudsman.

Airteagal 13

Briseadh

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Parlaimint na hEorpa a iarraidh go ndéanfaí an tOmbudsman a bhriseadh i gcomhréir le hAirteagal 228(2) CFAE, tabharfaidh sí éisteacht a thabhairt don Ombudsman sula ndéanfaidh sí an iarraidh sin.

Airteagal 14

Dualgais an Ombudsman a fheidhmiú

1. I gcomhlíonadh a chuid nó a cuid dualgas, feidhmeoidh an tOmbudsman i gcomhréir le hAirteagal 228(3) CFAE. Staonfaidh an tOmbudsman ó aon ghníomh atá ar neamhréir le cineál na ndualgas sin.

2. Tráth a rachaidh an tOmbudsman i mbun oifige, tabharfaidh an tOmbudsman gealltanas sollúnta os comhair na Cúirte Breithiúnais go ndéanfaidh sé nó sí na dualgais dá dtagraítear sna Conarthaí agus sa Rialachán seo a fheidhmiú go hiomlán neamhspleách agus le neamhchlaontacht iomlán agus go n-urramóidh sé nó sí na hoibleagáidí a eascróidh astu le linn a théarma oifige nó a téarma oifige agus ina dhiaidh. Aireofar sa ghealltanas sollúnta sin go háirithe an dualgas chun bheith ionraic agus stuama maidir le glacadh ceapachán nó sochar áirithe tar éis dheireadh an téarma oifige.

3. Le linn théarma oifige an Ombudsman, ní fhéadfaidh sé nó sí a bheith ag gabháil d'aon dualgais pholaitiúla nó riaracháin eile, nó d'aon slí bheatha eile, cibé acu sochrach nó neamhshochrach.

Airteagal 15

Luach saothair, pribhléidí agus díolúintí

1. Beidh an chéim chéanna ag an Ombudsman ó thaobh luach saothair, liúntas agus pinsin de agus atá ag breitheamh den Chúirt Bhreithiúnais.

2. Beidh feidhm ag Airteagail 11 go 14 agus ag Airteagal 17 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh. i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach maidir leis an Ombudsman agus maidir le hoifigigh agus le seirbhísigh eile rúnaíocht an Ombudsman.

Airteagal 16

Rúnaíocht an Ombudsman

1. Tabharfar buiséad leormhaith don Ombudsman, ar leor é chun neamhspleáchas an Ombudsman agus feidhmiú a chuid nó a cuid dualgas a áirithiú.

2. Gheobhaidh an tOmbudsman cúnaimh ó rúnaíocht. Ceapfaidh an tOmbudsman príomhoifigeach na rúnaíochta.

3. Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile rúnaíocht an Ombudsman faoi réir na Rialachán Foirne. Déanfar líon na mball foirne den rúnaíocht a ghlacadh gach bliain mar chuid den nós imeachta buiséadach.

4. I gcás ina dtabharfar oifigigh an Aontais ar iasacht chuig rúnaíocht an Ombudsman, measfar an iasacht sin a bheith ina hiasacht ar mhaithe leis an tseirbhís i gcomhréir le hAirteagal 37, an chéad mhír, pointe (a), agus le hAirteagal 38 de na Rialachán Foirne.

Airteagal 17

Suíomh an Ombudsman

Is é suíomh Pharlaimint na hEorpa a bheidh i suíomh an Ombudsman mar a chinntear leis an Airteagal Aonair, pointe (a), de Phrótacal Uimh. 6.

Airteagal 18

Forálacha cur chun feidhme

Glacfaidh an tOmbudsman na forálacha cur chun feidhme don Rialachán seo, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún Eorpach. Beidh siadsan i gcomhréir leis an Rialachán seo agus áireofar orthu, ar a laghad, forálacha maidir leis an méid seo a leanas:

- cearta nós imeachta an ghearánaigh agus cearta nós imeachta na hinstitiúide, an chomhlachta, an hoifige nó na gníomhaireachta lena mbaineann de chuid an Aontais;
- gearáin a fháil, a phróiseáil agus a dhúnadh;
- fiosrúcháin fhéintionscnaimh; agus
- fiosrúcháin leantacha.

*Airteagal 19***Forálacha críochnaitheacha**

1. Aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom.
2. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá i ndiaidh lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Meitheamh 2021.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1164 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Iúil 2021

lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Willamette Valley” (TGFC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 99 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 97(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, scrúdaigh an Coimisiún an t-iarratas ar chlárú an ainm “Willamette Valley” a thíolaic Willamette Valley Wineries Association (Stáit Aontaithe Mheiriceá), agus d’fhoilsigh sé é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽²⁾.
- (2) Níl aon ráiteas agóide faighte ag an gCoimisiún faoi Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ba cheart an t-ainm “Willamette Valley” a chosaint agus a iontráil sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 104 den Rialachán sin.
- (4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo cosnaítear an t-ainm “Willamette Valley” (TGFC).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ IO C 58, 18.2.2021, lch. 86.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1165 ÓN gCOIMISIÚN
an 15 Iúil 2021

lena n-údaraitear táirgí agus substaintí áirithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus lena mbunaítear a liostaí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 24(9) agus Airteagal 39(2), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfar ach amháin táirgí agus substaintí a údaraitear faoi Airteagal 24 den Rialachán sin a úsáid i dtáirgeadh orgánach ar choinníoll gur údaraiodh a n-úsáid i dtáirgeadh neamhorgánach freisin i gcomhréir le forálacha ábhartha de dhlí an Aontais. Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún cheana ar úsáid táirgí agus substaintí áirithe i dtáirgeadh orgánach ar bhonn na gcuspóirí agus na bprionsabail a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ⁽²⁾. Údaraiodh na táirgí agus na substaintí roghnaithe dá réir sin faoi choinníollacha sonracha le Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 ón gCoimisiún ⁽³⁾ agus liostaíodh in Iarscríbhinní áirithe a ghabhann leis an Rialachán sin iad. Tá na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/848 cosúil leo sin i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007. Os rud é gur gá leanúnachas an táirgthe orgánaigh a áirithiú, ba cheart na táirgí agus na substaintí sin a áireamh sna liostaí sriantacha atá le bunú ar bhonn Rialachán (AE) 2018/848.
- (2) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 24(7) de Rialachán (AE) 2018/848, tá sainchomhaid maidir le táirgí agus substaintí áirithe curtha faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát eile ag na Ballstáit, d'fhonn iad a údarú agus a áireamh sna liostaí atá le bunú faoin Rialachán sin.
- (3) Faoi imthosca agus coinníollacha áirithe a leagtar amach, go háirithe, i bpointe 1.10.2. de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, féadfar táirgí agus substaintí údaraithe áirithe a úsáid chun plandaí a chosaint. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún substaintí gníomhacha a údarú lena n-úsáid i dtáirgí cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/848 agus liosta na substaintí gníomhacha sin a bhunú.
- (4) Faoi imthosca agus coinníollacha áirithe a leagtar amach, go háirithe, i bpointe 1.9.3 de Chuid I, pointí 1.9.1.2(b), 1.9.2.2(d), 1.9.3.2(b) agus 1.9.5.2(a) de Chuid II agus pointe 2.2.2(c) agus pointe 2.3.2 agus an dara fleasc den cheathrú mír de phointe 3.1.5.3 de Chuid III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, féadfar leasacháin, oiriúntóirí ithreach agus cothaithigh áirithe a úsáid le haghaidh cothú plandaí, feabhsú agus saibhriú easrach, saothrú algaí nó comhshaol feirmeoireachta ainmhithe do bharshaothraithe. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún leasacháin, oiriúntóirí ithreach agus cothaithigh a údarú dá dtagraítear in Airteagal 24(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/848 agus a liosta a bhunú.

⁽¹⁾ IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha i dtaca le táirgeadh, lipéadú agus rialú orgánach (IO L 250, 18.9.2008, lch. 1).

- (5) Faoi imthosca agus coinníollacha áirithe a leagtar amach, go háirithe, i bpointe 1.4.1(i) agus pointe 1.5.2.3 de Chuid II, pointe 3.1.3.1(d) de Chuid III agus pointe 2.3 de Chuid V d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, féadfar ábhair bheatha neamhorgánacha áirithe de thionscnamh plandaí, algaí, ainmhíoch nó giosta, ábhair bheatha de thionscnamh miocróbach nó mianrach, breiseáin bheatha agus áiseanna próiseála a úsáid le haghaidh cothú ainmhithe. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún údarú a thabhairt d'ábhair bheatha neamhorgánacha de thionscnamh plandaí, algaí, ainmhíoch nó giosta, ábhair bheatha de thionscnamh miocróbach nó mianrach agus breiseáin bhia agus áiseanna próiseála dá dtagraítear in Airteagal 24(1), pointe (c) agus pointe (d), de Rialachán (AE) 2018/848 agus a liostaí a bhunú.
- (6) Ina theannta sin, údaraítear ábhair bheatha neamhorgánacha áirithe go díreach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart na hábhair bheatha sin a liostú freisin i dteannta na n-ábhar beatha a údaraítear leis an Rialachán seo, le tagairt do na forálacha sonracha de Rialachán (AE) 2018/848.
- (7) Faoi imthosca agus coinníollacha áirithe a leagtar amach, go háirithe, i bpointe 1.11 de Chuid I, pointe 1.5.1.6, pointe 1.5.1.7 agus pointe 1.9.4.4(c) de Chuid II, pointe 3.1.4.1(f) de Chuid III, pointe 2.2.3 de Chuid IV, pointe 2.4 de Chuid V agus pointe 1.4 de Chuid VII d'Iarscríbhinn II agus pointe 4.2 agus pointe 7.5 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfar ach amháin táirgí agus substaintí áirithe a úsáid le haghaidh glantacháin agus díghalrú. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún táirgí glantacháin agus díghalraithe dá dtagraítear in Airteagal 24(1), pointe (e), pointe (f) agus pointe (g), de Rialachán (AE) 2018/848 a údarú agus a liostaí a bhunú.
- (8) Maidir le táirgí áirithe chun foirgnimh agus suiteálacha le haghaidh beostoic, ainmhithe do bharshaothraithe agus táirgeadh feamainne a ghlanadh agus a dhíghalrú, rinneadh meastóireacht orthu agus liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 iad. Mar sin féin, maidir le táirgí chun foirgnimh agus suiteálacha a úsáidtear le haghaidh táirgeadh plandaí agus saoráidí próiseála agus stórála a ghlanadh agus dhíghalrú, go dtí seo is iad na Ballstáit, agus na Ballstáit amháin, a dhéanann meastóireacht orthu agus a údaraíonn iad. Sula n-údaraítear na táirgí sin i dtáirgeadh orgánach, ba cheart don Choimisiún, ar leibhéal an Aontais, meastóireacht a dhéanamh agus ba cheart don Sainghrúpa um Chomhairle Theicniúil maidir le Táirgeacht Orgánach cúnamh a thabhairt dó. Ba cheart athbhreithniú ar na táirgí agus na substaintí glantacháin agus díghalraithe údaraithe uile atá ann cheana a bheith sa mheastóireacht sin.
- (9) Ar mhaithe le leanúnachas an táirgthe orgánaigh a áirithiú, go dtí an 31 Nollaig 2023 ba cheart leanúint d'údarú a thabhairt do na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 agus dóibh sin a údaraítear ar leibhéal na mBallstát chun go mbeifear in ann na liostaí táirgí glantacháin agus díghalraithe a bhunú i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointe (e), pointe (f) agus pointe (g), de Rialachán (AE) 2018/848. Mar sin féin, leis na táirgí sin ní mór na ceanglais ábhartha de dhlí an Aontais a chomhlíonadh, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ agus Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ agus na critéir orgánacha a leagtar síos i gCaibidil II agus in Airteagal 24(3), Caibidil II agus pointe (a) agus pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/848.
- (10) Faoi imthosca agus coinníollacha áirithe a leagtar amach, go háirithe, i bpointe 2.2.1 agus pointe 2.2.2(a) de Chuid IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, féadfar breiseáin bhia áirithe, lena n-áirítear einsímí bia atá le húsáid mar bhreiseáin bhia, agus áiseanna próiseála a úsáid agus bia orgánach próiseáilte á tháirgeadh. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún breiseáin bhia agus áiseanna próiseála dá dtagraítear in Airteagal 24(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/848 a údarú agus a liosta a bhunú.
- (11) Rinneadh breiseáin bhia agus áiseanna próiseála bia a úsáidtear chun bia orgánach próiseáilte a tháirgeadh a liostú faoi seach i Roinn A, Roinn B agus Roinn C d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 889/2008. Mar sin féin, de réir a n-úsáidí agus a bhfeidhmeanna sa táirge deiridh, is féidir go mbeidh roinnt de na táirgí sin aicmithe mar bhreiseáin seachas mar áiseanna próiseála. Le haghaidh an aicmiúcháin sin is gá anailís shonrach agus uileghabhálach a dhéanamh ar na táirgí sin agus bia orgánach próiseáilte á tháirgeadh. Ba cheart an anailís sin a dhéanamh ar na táirgí uile a liostaítear mar áiseanna próiseála i Rialachán (CE) Uimh. 889/2008. Próiseas fadálach é sin agus ní féidir é a chur i gcrích roimh dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/848. Dá réir sin, déanfar na táirgí a liostaítear faoi láthair mar áiseanna próiseála i Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 a liostú mar áiseanna próiseála sa Rialachán seo go dtí go mbeidh anailís shonrach agus uileghabhálach déanta.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le glantaigh (IO L 104, 8.4.2004, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

- (12) Faoi imthosca agus coinníollacha áirithe a leagtar amach, go háirithe, i bpointe 2.2.1 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, féadfar comhábhair thalmhaíochta neamhorgánacha áirithe a úsáid chun bia orgánach próiseáilte a tháirgeadh. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún na comhábhair thalmhaíochta neamhorgánacha sin dá dtagraítear in Airteagal 24(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/848 a údarú agus a liosta a bhunú. Na sainchomhaid maidir le comhábhair thalmhaíochta neamhorgánacha atá le húsáid chun bia orgánach próiseáilte a tháirgeadh a chuir na Ballstáit isteach i gcomhréir le hAirteagal 24(7) de Rialachán (AE) 2018/848, rinneadh meastóireacht orthu laistigh den Choiste um Tháirgeadh Orgánach. Na táirgí agus na substaintí roghnaithe lena gcomhlíontar na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/848, ba cheart iad a áireamh ar an liosta sriantach atá le bunú leis an Rialachán seo, i gcás inar gá faoi choinníollacha sonracha.
- (13) Mar sin féin, chun a ndóthain ama a thabhairt d'oibreoirí chun oiriúnú don liosta sriantach nua de chomhábhair thalmhaíochta neamhorgánacha údaraithe agus, go háirithe, chun foinse comhábhar thalmhaíochta a táirgeadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 a aimsiú, is iomchuí go mbeadh feidhm ag an liosta de chomhábhair thalmhaíochta neamhorgánacha a údaráitear lena n-úsáid chun bia orgánach a phróiseáil leis an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2024.
- (14) I bhfianaise comhdhéanamh comhábhar thalmhaíochta neamhorgánach áirithe, is féidir go mbeidh cuid dá n-úsáidí i mbia orgánach próiseáilte ag freagairt dá n-úsáid mar bhreiseáin bhia, áiseanna próiseála bia nó táirgí agus substaintí dá dtagraítear i bpointe 2.2.2 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848. Eilítear údarú sonrach le haghaidh na n-úsáidí sin i gcomhréir le pointe 2.2. de Chuid IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 agus níor cheart na húsáidí sin a cheadú trí údarú comhábhar thalmhaíochta neamhorgánach.
- (15) Faoi imthosca agus coinníollacha áirithe a leagtar amach, go háirithe, i bpointe 1.3(a) de Chuid VII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, féadfar áiseanna próiseála áirithe a úsáid chun giosta agus táirgí giosta a tháirgeadh. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún áiseanna próiseála a údarú chun giosta agus táirgí giosta a tháirgeadh dá dtagraítear in Airteagal 24(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2018/848 agus a liosta a bhunú.
- (16) I gcomhréir le pointe 2.2 de Chuid VI d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfar ach amháin táirgí agus substaintí, a údaráitear de bhun Airteagal 24 den Rialachán sin lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach, a úsáid chun táirgí ó earnáil an fhíona a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (l), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún na táirgí agus na substaintí sin a údarú agus a liosta a bhunú.
- (17) Le hAirteagal 45(2) de Rialachán (AE) 2018/848 cumhachtaítear don Choimisiún údaruithe sonracha a dheonú chun táirgí agus substaintí a úsáid i dtríú tíortha agus sna réigiúin is forimeallaí den Aontas. Leagtar amach an bealach chun tús a chur leis an nós imeachta atá le leanúint ag na Ballstáit i leith na réigiún is forimeallaí den Aontas in Airteagal 24(7) den Rialachán sin. Mar sin féin, níl an nós imeachta atá le leanúint le haghaidh na n-údaruithe sin i leith tríú tíortha mionsonraithe i Rialachán (AE) 2018/848. Dá bhrí sin, is iomchuí an nós imeachta sin a bhunú sa Rialachán seo, i gcomhréir leis an nós imeachta atá le leanúint chun táirgí agus substaintí a údarú lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach san Aontas, mar a leagtar amach in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2018/848. Ós rud é go bhféadfar na húdaruithe sin a dheonú ar feadh tréimhse in-athnuaithe 2 bhliain, is iomchuí, chun go seachnófar aon mheabhall maidir le táirgí agus substaintí arna n-údarú gan teorainn ama, na táirgí agus na substaintí ábhartha a liostú in Iarscríbhinn thiomnaithe.
- (18) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 a aisghairm. Mar sin féin, ós rud é nach mbunófar na liostaí táirgí glantacháin agus díghalraithe roimh an 1 Eanáir 2024, ba cheart feidhm a bheith ag Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 go dtí an 31 Nollaig 2023. Sa chomhthéacs sin, is iomchuí a shonrú nach féidir táirgí, a liostaítear san Iarscríbhinn sin agus nach bhfuil údaraithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, a úsáid mar tháirgí bithicídeacha. Thairis sin, maidir leis an liosta de chomhábhair thalmhaíochta neamhorgánacha atá le húsáid chun bia orgánach próiseáilte a úsáid, rud a bhunaítear leis an Rialachán seo, ní bheidh feidhm aige ach amháin ón 1 Eanáir 2024. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh go bhféadfar bia orgánach próiseáilte, a táirgeadh roimh an 1 Eanáir 2024 le comhábhair thalmhaíochta neamhorgánacha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 889/2008, a chur ar an margadh tar éis an dáta sin go dtí go n-ídeofar na stoic.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí thalmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

- (19) An deimhniú sin atá le heisiúint chuig oibreoirí ag na húdaráis inniúla, nó, i gcás inarb iomchuí, na húdaráis rialaithe nó na comhlachtaí rialaithe i gcomhréir le hAirteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2018/848, is féidir é a eisiúint ón 1 Eanáir 2022. Mar sin féin, ní sholáthrófar é do na hoibreoírí uile lena mbaineann an lá sin. Ar mhaithe le leanúnachas an táirgthe orgánaigh a áirithiú agus de mhaolú ar Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2018/848, an fhianaise dhoiciméadach arna heisiúint chuig oibreoirí ag na húdaráis rialaithe nó na comhlachtaí rialaithe i gcomhréir le hAirteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 roimh an 1 Eanáir 2022, ba cheart í a bheith fós bailí go dtí deireadh na tréimhse bailíochta. Mar sin féin, ós rud é, de bhun Airteagal 38(3) de Rialachán (AE) 2018/848, go bhfuil oibreoirí le bheith faoi réir fíorú comhlíontachta ar a laghad uair sa bhliain agus, i gcomhréir le hAirteagal 38(5) den Rialachán sin, go bhfuil seachadadh an deimhnithe le bheith bunaithe ar thorthaí an fhíoraithe sin, níor cheart an bhailíocht sin dul thar an 31 Nollaig 2022.
- (20) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/848. Mar sin féin, mar gheall ar na cúiseanna a leagtar amach in aithris 18 den Rialachán seo, maidir leis na forálacha lena dtagraítear do na liostaí táirgí glantacháin agus díghalraithe agus don liosta de chomhábhair thalmhaíochta neamhorgánacha atá le húsáid chun bia orgánach próiseáilte a tháirgeadh, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Eanáir 2024.
- (21) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Tháirgeadh Orgánach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Substaintí gníomhacha i dtáirgí cosanta plandaí

Chun críocha Airteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfaidh ach amháin na substaintí gníomhacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a bheith i dtáirgí cosanta plandaí a úsáidtear i dtáirgeadh orgánach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, ar choinníoll, maidir leis na táirgí cosanta sin:

- (a) gur údaraíodh iad de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾;
- (b) go n-úsáidtear iad i gcomhréir leis na coinníollacha úsáide mar a shonraítear in údaruithe na dtáirgí ina bhfuil siad, arna ndeonú ag na Ballstáit; agus
- (c) go n-úsáidtear iad i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ⁽⁸⁾.

Airteagal 2

Leasacháin, oiriúntóirí ithreach agus cothaithigh

Chun críocha Airteagal 24(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfar ach amháin na táirgí agus na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid i dtáirgeadh orgánach mar leasacháin, oiriúntóirí ithreach agus cothaithigh le haghaidh cothú plandaí, feabhsú agus saibhriú easrach nó saothrú algaí nó comhshaol riar ainmhithe do bharshaothraithe, ar choinníoll go gcomhlíonfar leo na forálacha ábhartha de dhlí an Aontais, go háirithe

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

⁽⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an liosta de shubstaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾, na hAirteagail infheidhme ábhartha de Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾, Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾ agus Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ⁽¹²⁾ agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le forálacha náisiúnta bunaithe ar dhlí an Aontais.

Airteagal 3

Ábhar beatha neamhorgánach de thionscnamh plandaí, algaí, ainmhíoch nó giosta nó ábhar beatha de thionscnamh miocróbach nó mianrach

Chun críocha Airteagal 24(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfar ach amháin na táirgí agus na substaintí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid i dtáirgeadh orgánach mar ábhar beatha neamhorgánach de thionscnamh plandaí, algaí, ainmhíoch nó giosta nó mar ábhar beatha de thionscnamh miocróbach nó mianrach, ar choinníoll go bhfuil a n-úsáid i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de dhlí an Aontais, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾ agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le forálacha náisiúnta bunaithe ar dhlí an Aontais.

Airteagal 4

Breiseáin bhia agus áiseanna próiseála

Chun críocha Airteagal 24(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfar ach amháin na táirgí agus na substaintí a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid i dtáirgeadh orgánach mar bhreiseáin bheatha agus áiseanna próiseála a úsáidtear i gcothú ainmhithe, ar choinníoll go bhfuil a n-úsáid i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de dhlí an Aontais, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾ agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le forálacha náisiúnta bunaithe ar dhlí an Aontais.

Airteagal 5

Táirgí glantacháin agus díghalraithe

1. Chun críocha Airteagal 24(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfar ach amháin na táirgí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid chun linnte, cásanna, umair, rásbhealaí, foirgnimh nó suiteálacha a úsáidtear le haghaidh táirgeadh ainmhithe a ghlanadh agus a dhíghalrú, ar choinníoll go gcomhlíonfar leis na táirgí sin forálacha dhlí an Aontais, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 agus Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le forálacha náisiúnta bunaithe ar dhlí an Aontais.

2. Chun críocha Airteagal 24(1), pointe (f), de Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfar ach amháin na táirgí a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid chun foirgnimh agus suiteálacha a úsáidtear le haghaidh táirgeadh plandaí, lena n-áirítear le haghaidh stóráil ar ghabháltas talmhaíochta, a ghlanadh agus a dhíghalrú, ar choinníoll go gcomhlíonfar leis na táirgí sin forálacha dhlí an Aontais, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 agus Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le forálacha náisiúnta bunaithe ar dhlí an Aontais.

⁽⁹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 a bhaineann le leasacháin (IO L 304, 21.11.2003, lch. 1).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1069/2009 agus (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 (IO L 170, 25.6.2019, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir le samplaí agus míreanna áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).

⁽¹³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le beatha a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 79/373/CEE ón gComhairle, Treoir 80/511/CEE ón gCoimisiún, Treoracha 82/471/CEE, 83/228/CEE, 93/74/CEE, 93/113/CEE agus 96/25/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/217/CE ón gCoimisiún (IO L 229, 1.9.2009, lch. 1).

⁽¹⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe (IO L 268, 18.10.2003, lch. 29).

3. Chun críocha Airteagal 24(1), pointe (g), de Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfar ach amháin na táirgí a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid le haghaidh glantacháin agus díghalrú i saoráidí próiseála agus stórála, ar choinníoll go gcomhlíonfar leis na táirgí sin forálacha dhlí an Aontais, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 agus Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le forálacha náisiúnta bunaithe ar dhlí an Aontais.

4. Go dtí go n-áireofar iad i gCuid A, Cuid B nó Cuid C d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo, táirgí glantacháin agus díghalraithe dá dtagraítear in Airteagal 24(1), pointe (e), pointe (f) agus pointe (g), de Rialachán (AE) 2018/848 a údaráíodh lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach faoi Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 nó faoin dlí náisiúnta roimh dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/848, féadfar leanúint dá n-úsáid má chomhlíontar leo na forálacha ábhartha de dhlí an Aontais, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 agus Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le forálacha náisiúnta bunaithe ar dhlí an Aontais.

Airteagal 6

Breiseáin bhia agus áiseanna próiseála

Chun críocha Airteagal 24(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfar ach amháin na táirgí agus na substaintí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid mar bhreiseáin bheatha, lena n-áirítear einsímí bia atá le húsáid mar bhreiseáin bhia, agus áiseanna próiseála agus bia orgánach próiseáilte á tháirgeadh, ar choinníoll go bhfuil a n-úsáid i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de dhlí an Aontais, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁵⁾ agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le forálacha náisiúnta bunaithe ar dhlí an Aontais.

Airteagal 7

Comhábhair thalmhaíochta neamhorgánacha atá le húsáid chun bia orgánach próiseáilte a tháirgeadh

Chun críocha Airteagal 24(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfar ach amháin na comhábhair thalmhaíochta neamhorgánacha a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid chun bia orgánach próiseáilte a tháirgeadh, ar choinníoll go bhfuil a n-úsáid i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de dhlí an Aontais agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le forálacha náisiúnta bunaithe ar dhlí an Aontais.

Tá an chéad mhír gan dochar do na ceanglais mhionsonraithe maidir le táirgeadh orgánach bia phróiseáilte dá bhforáiltear i Roinn 2 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848. Go háirithe, ní bheidh feidhm ag an gcéad mhír maidir le comhábhair thalmhaíochta neamhorgánacha a úsáidtear mar bhreiseáin bhia, áiseanna próiseála nó táirgí agus substaintí dá dtagraítear i bpointe 2.2.2 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848.

Airteagal 8

Áiseanna próiseála chun giosta agus táirgí giosta a tháirgeadh

Chun críocha Airteagal 24(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfar ach amháin na táirgí agus na substaintí a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid mar áiseanna próiseála chun giosta agus táirgí giosta a tháirgeadh le haghaidh bia agus beatha, ar choinníoll go bhfuil a n-úsáid i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de dhlí an Aontais agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le forálacha náisiúnta bunaithe ar dhlí an Aontais.

⁽¹⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16).

*Airteagal 9***Táirgí agus substaintí lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach fíona**

Chun críocha pointe 2.2. de Chuid VI d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfar ach amháin na táirgí agus na substaintí a liostaítear i gCuid D d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid chun táirgí fíniúna orgánacha a tháirgeadh agus a chaomhnú dá dtagraítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ar choinníoll go bhfuil a n-úsáid i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de dhlí an Aontais, go háirithe laistigh de na teorainneacha agus de na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún ⁽¹⁶⁾ agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le forálacha náisiúnta bunaithe ar dhlí an Aontais.

*Airteagal 10***Nós imeachta maidir le húdaruithe sonracha a dheonú chun táirgí agus substaintí a úsáid i limistéir áirithe de thríú tíortha**

1. I gcás ina measann údarás rialaithe nó comhlacht rialaithe a aithnítear faoi Airteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2018/848 gur cheart údarú sonracha a dheonú do tháirge nó do shubstaint lena úsáid nó lena húsáid i limistéar áirithe lasmuigh den Aontas de thoradh na gcoinníollacha sonracha a leagtar amach in Airteagal 45(2) den Rialachán sin, féadfaidh sé a iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh. Chun na críche sin, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi shainchomhad ina dtugtar tuairisc ar an táirge nó ar an tsubstaint lena mbaineann, ag tabhairt cúiseanna leis an údarú sonracha sin agus míniú ar an bhfáth nach bhfuil na táirgí ná na substaintí a údaraítear faoin Rialachán seo leordhóthanach lena n-úsáid de dheasca na gcoinníollacha sonracha sa limistéar ábhartha. Áiritheoidh sé go bhfuil an sainchomhad oiriúnach lena chur ar fáil go poiblí faoi réir reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta na mBallstát maidir le cosaint sonraí.

2. Cuirfidh an Coimisiún an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 ar aghaidh chuig na Ballstáit agus foilseoidh sé aon iarraidh den sórt sin.

3. Déanfaidh an Coimisiún anailís ar an sainchomhad dá dtagraítear i mír 1. Ní údaróidh an Coimisiún an táirge ná an tsubstaint i bhfianaise na gcoinníollacha sonracha dá dtagraítear sa sainchomhad ach amháin más rud é gurb é conclúid na hanaílise ina hiomláine:

- (a) go bhfuil údar leis an údarú sonracha sin sa limistéar lena mbaineann;
- (b) go gcomhlíontar leis an táirge nó leis an tsubstaint ar a dtugtar tuairisc sa sainchomhad na príonsabail a leagtar síos i gCaibidil II, na critéir a leagtar amach in Airteagal 24(3) agus an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2018/848; agus
- (c) go bhfuil úsáid an táirge nó na substainte i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de dhlí an Aontais, go háirithe le haghaidh substaintí gníomhacha atá i dtáirgí cosanta plandaí, le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷⁾.

Áireofar an táirge nó an tsubstaint údaraithe in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

4. Nuair a rachaidh an tréimhse 2 bhliain dá dtagraítear in Airteagal 45(2) de Rialachán (AE) 2018/848 in éag, déanfar an t-údarú a athnuachan go huathoibríoch ar feadh tréimhse 2 bhliain eile, ar choinníoll nach mbeidh aon eilimint nua ar fáil ná nach mbeidh agóid déanta ag aon Bhallstát ná údarás rialaithe ná comhlacht rialaithe a aithnítear faoi Airteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2018/848, agus údar á thabhairt aige gur gá athmheasúnú a dhéanamh ar chonclúid an Choimisiúin dá dtagraítear i mír 3.

*Airteagal 11***Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 889/2008.

Mar sin féin, leanfaidh feidhm de bheith ag Iarscríbhinní VII agus IX go dtí an 31 Nollaig 2023.

⁽¹⁶⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le limistéir fionsaothrúcháin inar féidir an neart alcóil a mhéadú, le cleachtas fíoneolaíochta údaraithe agus srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, leis an íoschéatadán alcóil i gcás fotháirgí agus a ndiúscairt, agus le foilsiú comhad de chuid OIV (IO L 149, 7.6.2019, lch. 1).

⁽¹⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de thionscnamh plandaí nó de thionscnamh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

*Airteagal 12***Forálacha idirthréimhseacha**

1. Chun críocha Airteagal 5(4) den Rialachán seo, na táirgí glantacháin agus díghalraithe a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 889/2008, féadfar leanúint dá n-úsáid go dtí an 31 Nollaig 2023 chun linnte, cásanna, umair, rásbhealaí, foirgnimh nó suiteálacha a úsáidtear le haghaidh táirgeadh ainmhithe a ghlanadh agus a dhíghalrú, faoi réir Chuid D d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.
2. Chun críocha Airteagal 24(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/848, na comhábhair thalmhaíochta neamhorgánacha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 889/2008, féadfar leanúint dá n-úsáid chun bia orgánach próiseáilte a tháirgeadh go dtí an 31 Nollaig 2023. Bia orgánach próiseáilte a táirgeadh roimh an 1 Eanáir 2024 leis na comhábhair thalmhaíochta neamhorgánacha sin, féadfar iad a chur ar an margadh tar éis an dáta sin go dtí go n-ídeofar na stoic.
3. Leanfaidh fianaise dhoiciméadach, a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 roimh an 1 Eanáir 2022, de bheith bailí go dtí deireadh a tréimhse bailíochta ach gan dul thar an 31 Nollaig 2022.

*Airteagal 13***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 5(1), (2) agus (3) agus Airteagal 7 ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Substaintí gníomhacha atá i dtáirgí cosanta plandaí atá údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach dá dtagraítear in Airteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/848

Féadfar na substaintí gníomhacha a liostaítear san Iarscríbhinn seo a bheith i dtáirgí cosanta plandaí a úsáidtear i dtáirgeadh orgánach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, ar choinníoll go bhfuil na táirgí cosanta plandaí sin údaraithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Úsáidfeadh na táirgí cosanta plandaí sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 agus i gcomhréir leis na coinníollacha a shonraítear sna húdairithe arna ndeontú ag na Ballstáit ina n-úsáidtear iad. Déantar coinníollacha níos sriantaí maidir le húsáid i dtáirgeadh orgánach a shonrú sa cholún deireanach de gach tábla thíos.

I gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2018/848, teorantóirí, sineirgígh agus comhfhoirmligh mar chomhpháirteanna de tháirgí cosanta planda, agus aidiúvaigh atá le meascadh le táirgí cosanta plandaí, ceadófar iad lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach, ar choinníoll go bhfuil siad údaraithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Ní fhéadfar na substaintí san Iarscríbhinn seo a úsáid ach amháin chun lotnaidí a rialú mar a shainmhínítear in Airteagal 3(24) de Rialachán (AE) 2018/848.

I gcomhréir le pointe 1.10.2 de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, ní fhéadfar na substaintí sin a úsáid ach amháin i gcás nach féidir plandaí a chosaint go leordhóthanach ar lotnaidí le bearta dá bhforáiltear i bpointe 1.10.1 den Chuid I sin, go háirithe le húsáid oibreán rialaithe bhithéolaíoch, amhail feithidí, fíneoga agus néimeatóidí tairbheacha lena gcomhlíontar forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, déantar substaintí gníomhacha a roinnt sna fochatagóirí seo a leanas:

1. Substaintí bunata

Maidir leis na substaintí bunata a liostaítear i gCuid C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 de thionscnamh plandaí nó ainmhíoch agus bunaithe ar bhia mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, féadfar iad a úsáid le haghaidh cosaint plandaí i dtáirgeadh orgánach. Tá na substaintí bunata sin marcáilte le réiltín sa tábla thíos. Úsáidfeadh iad i gcomhréir leis na húsáidí, leis na coinníollacha agus leis na srianta a shocraítear sna tuarascálacha athbhreithniúcháin ábhartha ⁽³⁾, agus na srianta breise, más ann, sa cholún deireanach den tábla á gcur san áireamh.

Maidir le substaintí bunata eile a liostaítear i gCuid C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, ní fhéadfar iad a úsáid le haghaidh cosaint plandaí i dtáirgeadh orgánach ach amháin nuair a liostaítear sa tábla thíos iad. Úsáidfeadh na substaintí bunata sin i gcomhréir leis na húsáidí, leis na coinníollacha agus leis na srianta a shocraítear sna tuarascálacha athbhreithniúcháin ábhartha³, agus na srianta breise, más ann, sa cholún deas den tábla á gcur san áireamh.

Ní úsáidfeadh substaintí bunata mar luibhicídí.

Uimhir agus Cuid den Iarscríbhinn ⁽¹⁾	CAS	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
1C		<i>Equisetum arvense</i> L.*	
2C	9012-76-4	Hidreaclóiríd chiotósáin*	arna fáil ó <i>Aspergillus</i> nó ó dhobharshaothrú orgánach nó ó iascaigh inbhuanaithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lch. 35).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

⁽³⁾ Le fáil sa Bhunachar Sonraí Lotnaidí: <https://ec.europa.eu/food/plant/pesticides/eu-pesticides-database/active-substances/?event=search.as>

3C	57-50-1	Siúcros*	
4C	1305-62-0	Hiodrocsaíd Chailciam	
5C	90132-02-8	Fínéagar*	
6C	8002-43-5	Leicitíní*	
7C	-	<i>Salix</i> spp. Cortex*	
8C	57-48-7	Fruchtós*	
9C	144-55-8	Hidrigincharbónáit sóidiam	
10C	92129-90-3	Meadhg*	
11C	7783-28-0	Fosfáit dé-amóiniam	i ngaistí amháin
12C	8001-21-6	Ola lus na gréine*	
14C	84012-40-8 90131-83-2	<i>Urtica</i> spp. (eastóscán <i>Urtica dioica</i>) (eastóscán <i>Urtica urens</i>)*	
15C	7722-84-1	Sárocsaíd hidrigine	
16C	7647-14-5	Clóiríd sóidiam	
17C	8029-31-0	Beoir*	
18C	-	Púdar síolta mustaird*	
20C	8002-72-0	Ola oinniúin*	
21C	52-89-1	L-cistéin (E 920)	
22C	8049-98-7	Bainne bó*	
23C	-	eastóscán bleibe <i>Allium cepa</i> * L.	
		Substaintí bunata eile de thionscnamh plandaí nó ainmhíoch agus bunaithe ar bhia*	

(¹) Liostú de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, uimhreacha agus cén chatagóir: Cuid A, substaintí gníomhacha a mheastar a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, B, substaintí gníomhacha atá formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, C, substaintí bunata, D, substaintí gníomhacha íseal-riosca agus E, substaintí atá inbhreithnithe lena n-ionadú.

(²) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

2. Substaintí gníomhacha íseal-riosca

Féadfar substaintí gníomhacha íseal-riosca, seachas miocroorgánaigh, a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a úsáid le haghaidh cosaint plandaí i dtáirgeadh orgánach nuair a liostaítear sa tábla thíos nó in áit eile san Iarscríbhinn seo iad. Úsáidfeadh na substaintí gníomhacha íseal-riosca sin i gcomhréir leis na húsáidí, leis na coinníollacha agus leis na srianta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus na srianta breise, más ann, sa cholún deireanach den tábla á gcur san áireamh.

Uimhir agus Cuid den Iarscríbhinn (¹)	CAS	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
2D		COS-OGA	
3D		Ceirvósán agus táirgí eile bunaithe ar ruainní de chealla de mhicroorgánaigh	Gan bheith de thionscnamh OGM

5D	10045-86-6	Fosfáit fheireach (ortafosfáit iarainn (III))	
12D	9008-22-4	Lamanáirin	Gheofar ceilp ó dhobharshaothrú orgánach nó baileofar ar bhealach inbhuanaithe i gcomhréir le pointe 2.4 de Chuid III d'Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2018/848

(¹) Liostú de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, uimhreacha agus cén chatagóir: Cuid A, substaintí gníomhacha a mheastar a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, B, substaintí gníomhacha atá formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, C, substaintí bunata, D, substaintí gníomhacha íseal-riosca agus E, substaintí atá inbhreithnithe lena n-ionadú.

3. Miocroorgánaigh

Féadfar na miocroorgánaigh uile a liostaítear i gCuid A, Cuid B agus Cuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a úsáid i dtáirgeadh orgánach, ar choinníoll nach de thionscnamh OGM iad agus nuair a úsáidtear iad i gcomhréir leis na húsáidí, leis na coinníollacha agus leis na srianta a shocraítear sna tuarascálacha athbheithniúcháin ábhartha³, agus sna cásanna sin amháin. Is oibreáin rialaithe bhitheolaíoch iad miocroorgánaigh lena n-áirítear víris a mheastar a bheith ina substaintí gníomhacha le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

4. Substaintí gníomhacha nach n-áirítear in aon cheann de na catagóirí thuas

Ní fhéadfar na substaintí gníomhacha mar atá formheasta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear sa tábla thíos a úsáid mar tháirgí cosanta plandaí i dtáirgeadh orgánach ach amháin nuair a úsáidtear iad i gcomhréir leis na húsáidí, leis na coinníollacha agus leis na srianta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus na srianta breise, más ann, sa cholún deas den tábla thíos á gcur san áireamh.

Uimhir agus cuid den Iarscríbhinn (¹)	CAS	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
139A	131929-60-7 131929-63-0	Spioneadas	
225A	124-38-9	Dé-ocsaíd charbóin	
227A	74-85-1	Eitiléin	ar bhananaí agus prátaí amháin; mar sin féin, féadfar an méid sin a úsáid ar chitreas freisin mar chuid de straitéis chun damáiste cuile torthaí a chosc
230A	i.a. 67701-09-1	Aigéid shailleacha	gach úsáid údaraithe, seachas luibhicíd
231A	8008-99-9	Eastóscán gairleoige (<i>Allium sativum</i>)	
234A	Uimh. CAS gan bheith leithdháilte Uimh. CIPAC 901	Próitéiní hidrealaithe seachas geilitín	
244A	298-14-6	Carbónáit hidrigine potaisiam	
249A	98999-15-6	Éarthaigh le boladh de thionscnamh ainmhíoch nó plandaí/saill caorach	
255A agus eile		Fearamóin agus séimiceimiceáin eile	i ngaistí agus rannóirí amháin
220A	1332-58-7	Sileacáit alúmanaim (caoilín)	
236A	61790-53-2	Kieselgur (cré dhiatómúil)	

247A	14808-60-7 7637-86-9	Gaineamh grianchloiche	
343A	11141-17-6 84696-25-3	Asadaraictin (eastóscán Margosa)	eastósctha ó shíolta den líológ Indiach (<i>Azadirachta indica</i>)
240A	8000-29-1	Ola naird	gach úsáid údaraithe, seachas luibhicíd
241A	84961-50-2	Ola chlóibh	gach úsáid údaraithe, seachas luibhicíd
242A	8002-13-9	Ola ráibe	gach úsáid údaraithe, seachas luibhicíd
243A	8008-79-5	Ola cartlainne garraí	gach úsáid údaraithe, seachas luibhicíd
56A	8028-48-6 5989-27-5	Ola oráiste	gach úsáid údaraithe, seachas luibhicíd
228A	68647-73-4	Ola an chrainn tae	gach úsáid údaraithe, seachas luibhicíd
246A	8003-34-7	Comhdhúile píreatraim eastósctha ó phlandaí	
292A	7704-34-9	Sulfar	
294A 295A	64742-46-7 72623-86-0 97862-82-3 8042-47-5	Olaí pairifín	
345A	1344-81-6	Sulfar aoil (polasuifíd chailciam)	
44B	9050-36-6	Maltaideistrin	
45B	97-53-0	Eoigeanól	
46B	106-24-1	Geréiniól	
47B	89-83-8	Tíomól	
10E	20427-59-2	Hiodrocsaíd chopair	i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, ní fhéadfar a údarú ach amháin úsáidí as a n-úsáidtear uasmhéid iomlán 28 kg copar in aghaidh an heicteáir thar thréimhse 7 mbliana
10E	1332-65-6 1332-40-7	Ocsaclóiríd chopair	
10E	1317-39-1	Ocsaíd chopair	
10E	8011-63-0	Meascán Bordeaux	
10E	12527-76-3	Sulfáit chopair thríbhunata	
40A	52918-63-5	Deiltemheitrin,	ach amháin i ngaistí a bhfuil mealltaí sonracha in aghaidh <i>Bactrocera oleae</i> agus <i>Ceratitis capitata</i> orthu
5E	91465-08-6	Lambda-cialhalaitrin	ach amháin i ngaistí a bhfuil mealltaí sonracha in aghaidh <i>Bactrocera oleae</i> agus <i>Ceratitis capitata</i> orthu

(¹) Liostú de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, uimhreacha agus cén chatagóir: Cuid A, substaintí gníomhacha a mheastar a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, B, substaintí gníomhacha atá formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, C, substaintí bunata, D, substaintí gníomhacha íseal-riosca agus E, substaintí atá inbhreithnithe lena n-ionadú.

IARSCRÍBHINN II

Leasacháin, oiriúntóirí ithreach agus cothaithe údaráithe dá dtagraítear in Airteagal 24(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/848

Féadfar leasacháin, oiriúntóirí ithreach agus cothaithe⁽¹⁾ a liostaítear san Iarscríbhinn seo a úsáid i dtáirgeadh orgánach, ar choinníoll go gcomhlíontar leo

- an reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta ábhartha maidir le táirgí leasacháin, go háirithe, i gcás inarb infheidhme, Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 agus Rialachán (AE) 2019/1009; agus
- Reachtaíocht de chuid an Aontais ar sheachtháirgí ainmhithe, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, go háirithe Iarscríbhinní V agus XI.

I gcomhréir le pointe 1.9.6 de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, féadfar ullmhóidí miocorgánach a úsáid chun feabhas a chur ar riocht na hitheach ina hiomláine, nó chun feabhas a chur ar infhaighteacht cothaitheach san ithir nó sna barra.

Ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin de réir shonraíochtaí úsáide agus shrianta úsáide na reachtaíochta ábhartha sin de chuid an Aontais agus na reachtaíochta náisiúnta ábhartha faoi seach. Déantar coinníollacha níos sriantaí maidir le húsáid i dtáirgeadh orgánach a shonrú sa cholún deas de na táblaí.

Ainm Táirgí comhdhúile nó táirgí nach bhfuil ach amháin na hábhair a liostaítear thíos iontu	Tuairisc, coinníollacha agus teorainneacha sonracha
Aoileach	táirge lena gcuimsítear meascán de thuartha ainmhithe agus d'ábhar plandúil (easair ainmhithe agus ábhar beatha) toirmeasc ar an méid sin más de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan é
Aoileach triomaithe agus aoileach éanlaithe clóis dhíodráitithe	toirmeasc ar an méid sin más de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan é
Tuartha ainmhithe múirínithe, lena n-áirítear aoileach éanlaithe clóis agus aoileach múirínithe san áireamh	toirmeasc ar an méid sin más de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan é
Tuartha ainmhithe leachtacha	lena n-úsáid tar éis coipeadh rialaithe agus/nó caolú iomchuí toirmeasc ar an méid sin más de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan é
Meascán múirínithe nó coipthe de dhramhaíl tí	táirge arna fháil ó dhramhaíl tí réamhdheighilte, a cuireadh faoi mhúiríníú nó coipeadh anaeróbach le haghaidh táirgeadh bithgháis dramhaíl tí de bhunadh plandúil agus ainmhíoch amháin ach amháin nuair a tháirgtear an méid sin i gcóras bailithe dúnta agus ar a ndéantar faireachán, inghlactha ag an mBallstát uas-tiúcháin de réir mg/kg d'ábhar tirim: caidmiam: 0,7; copar: 70; nicil: 25; luaidhe: 45; sinc: 200; mearcair: 0,4; cróimiam (iomlán): 70; cróimiam (VI): nach bhfuil inbhraite
Móin	úsáid theoranta don ghairneoireacht (garraíodóireacht margaidh, bláthshaothrú, crannadóireacht, plandlann)
Dramhaíl saothrúcháin muisiriúin	beidh comhdhéanamh tosaigh na substráite teoranta do tháirgí na hIarscríbhinne seo
Tuartha de phéisteanna (péistmhúirín) agus meascán substráite tuartha feithide	i gcás inarb ábhartha i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009
Guanó	
Meascán múirínithe nó coipthe d'ábhar plandúil	táirge arna fháil ó mheascáin d'ábhar plandúil, a cuireadh faoi mhúiríníú nó coipeadh anaeróbach le haghaidh táirgeadh bithgháis

(¹) Lena gcuimhdáitear go háirithe na catagóirí feidhme táirge uile a liostaítear i gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009.

Díleáiteán bithgháis ina bhfuil seachtháirgí ainmhithe comhdhíleáite le hábhar de thionscnamh plandaí nó ainmhíoch mar a liostaítear san Iarscríbhinn seo	seachtháirgí ainmhithe (lena n-áirítear seachtháirgí ó ainmhithe fiáine) a bhaineann le catagóir 3 agus ábhar ó chonair an díleá a bhaineann le catagóir 2 (catagóirí mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009) toirmeasc ar an méid sin más de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan é ní mór na próisis a bheith i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 gan bheith le cur i bhfeidhm maidir le codanna inite den bharr
Táirgí nó seachtháirgí de thionscnamh ainmhíoch mar atá thíos: Mín fola Mín crúb Mín adharc Mín cnámh nó mín cnámh dhíghheilítínithe Mín éisc Mín feola Mín cleite, mín fionnadh agus mín craicinn (“chiquette”) Olann Fionnadh (1) Fionnadh Táirgí déiríochta Próitéiní hidrealaithe (2)	(1) Uas-tiúchan de réir mg/kg d’ábhar tirim cróimiam (VI): gan bheith inbhraite (2) Gan bheith le cur i bhfeidhm maidir le codanna inite den bharr
Táirgí agus seachtháirgí de thionscnamh plandaí le haghaidh leasachán	e.g.: mín cáca olashíl, crotail chócó, cosa braiche
Próitéiní hidrealaithe de thionscnamh plandaí	
Algaí agus táirgí algaí	a mhéid a fhaightear go díreach leis an méid seo a leanas: (i) próisis fhisiceacha lena n-áirítear díhiodráitiú, reo agus meilt (ii) eastóscadh le huisce nó haigéad uiscí agus/nó tuaslagán alcaileach (iii) coipeadh ach amháin ó tháirgeadh orgánach nó bailithe ar bhealach inbhuanaithe i gcomhréir le pointe 2.4 de Chuid III d’Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2018/848
Mín sáibh agus sliseanna adhmaid	adhmaid nár cóireáladh go ceimiceach tar éis é a leagan
Coirt mhúirínithe	adhmaid nár cóireáladh go ceimiceach tar éis é a leagan
Luaith adhmaid	ó adhmaid nár cóireáladh go ceimiceach tar éis é a leagan
Fosfáit charraige mheilte bhog	táirge arna fháil ó fhosfáití mianracha boga a mheilt agus ina bhfuil fosfáit tríchailciam agus carbónáit chailciam mar chomhábhair fhíor-riachtanacha íoschion cothaitheach (céatadán de réir meáchain): 25 % P ₂ O ₅ fosfar arna shloinneadh mar P ₂ O ₅ is intuaslagtha in aigéid mhianracha, ar a laghad 55 % den chion fógartha de P ₂ O ₅ is intuaslagtha in aigéad formach 2 % méid cháithnín: — ar a laghad 90 % de réir meáchain in ann dul trí chriathar mogaill 0,063 mm — ar a laghad 99 % de réir meáchain in ann dul trí chriathar mogaill 0,125 mm

	<p>go dtí an 15 Iúil 2022, cion an chaidmiam níos lú ná 90 mg/kg de P_2O_5, nó cothrom leis sin; ón 16 Iúil 2022, tá feidhm ag na teorainneacha ábhartha le haghaidh éilleán a shocraítear i Rialachán (AE) 2019/1009</p>
Fosfáit alúmanam-cailciam	<p>táirge arna fháil i bhfoirm éagruthach le cóireáil teasa agus meilt, ina bhfuil fosfáití alúmanaim agus cailciam mar chomhábhair fhíor-riachtanacha íoschion cothaitheach (céatadán de réir meáchain):</p> <p>30 % P_2O_5</p> <p>fosfar arna shloinneadh mar P_2O_5 is intuaslagtha in aigéid mhianracha, ar a laghad 75 % den chion fógartha de P_2O_5 is intuaslagtha i gciotráit amóiniam alcaileach (Joulie)</p> <p>méid cháithnín:</p> <ul style="list-style-type: none"> — ar a laghad 90 % de réir meáchain in ann dul trí chriathar mogaill 0,160 mm — ar a laghad 98 % de réir meáchain in ann dul trí chriathar mogaill 0,630 mm <p>go dtí an 15 Iúil 2022, cion an chaidmiam níos lú ná 90 mg/kg de P_2O_5, nó cothrom leis sin; ón 16 Iúil 2022, tá feidhm ag na teorainneacha ábhartha le haghaidh éilleán a shocraítear i Rialachán (AE) 2019/1009</p> <p>úsáid theoranta d'ithreacha bunata (pH > 7,5)</p>
Slaig bhunata (fosfáití Thomas nó slaig Thomas)	<p>táirge arna fháil i mbriuthniú iarainn trí na leátáin fosfair a chóireáil agus ina bhfuil sileacafosfáití cailciam mar a chomhábhair fhíor-riachtanacha íoschion cothaitheach (céatadán de réir meáchain):</p> <p>12 % P_2O_5</p> <p>fosfar arna shloinneadh mar pheantocsaíd fosfair is intuaslagtha in aigéid mhianracha, ar a laghad 75 % den chion fógartha de pheantocsaíd fosfair is intuaslagtha in aigéad citreach 2 %</p> <p>nó</p> <p>10 % P_2O_5</p> <p>fosfar arna shloinneadh mar pheantocsaíd fosfair is intuaslagtha in aigéad citreach 2 %</p> <p>méid cháithnín:</p> <ul style="list-style-type: none"> — ar a laghad 75 % in ann dul trí chriathar mogaill 0,160 mm — ar a laghad 96 % in ann dul trí chriathar mogaill 0,630 mm <p>ón 16 Iúil 2022, tá feidhm ag na teorainneacha ábhartha le haghaidh éilleán a shocraítear i Rialachán (AE) 2019/1009</p>
Salann potaisiam amh	<p>táirge arna fháil ó shalainn potaisiam amha íoschion cothaitheach (céatadán de réir meáchain):</p> <p>9 % K_2O</p> <p>potaisiam arna shloinneadh mar uiscethuaslagtha K_2O</p> <p>2 % MgO</p> <p>maignéisiam i bhfoirm salainn uiscethuaslagtha, arna shloinneadh mar ocsaíd mhaignéisiam</p> <p>ón 16 Iúil 2022, tá feidhm ag na teorainneacha ábhartha le haghaidh éilleán a shocraítear i Rialachán (AE) 2019/1009</p>
Sulfáit photaisiam, ina bhfuil salann maignéisiam b'fhéidir	<p>táirge arna fháil ó shalann potaisiam amh le próiseas eastósctha fhisicigh, ina bhfuil salainn mhaignéisiam freisin b'fhéidir</p>
Stileáiste agus eastóscán stileáiste	<p>stíleáiste amóiniam eisiata</p>

Carbónáit chailciam, mar shampla: cailc, marla, aolchloch mheilte, oibreán feabhsúcháin Breton (méarla), cailc fosfáite	de thionscnamh nádúrtha amháin
Dramhaíl moileasc	ó dhobharshaothrú orgánach nó ó iascaigh inbhuanaithe amháin, i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013
Blaoscanna uibhe	toirmeasc ar an méid sin más de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan é
Maignéisiam agus carbónáit chailciam	de thionscnamh nádúrtha amháin e.g. cailc mhaignéiseach, maignéisiam meilte, aolchloch
Sulfáit mhaignéisiam (cíosairít)	de thionscnamh nádúrtha amháin
Tuaslagán clóiríde cailciam	ach amháin le haghaidh cóireáil dhuilleach ar chrainn úll, chun easnamh cailciam a chosc
Sulfáit chailciam (gipseam)	táirge de thionscnamh nádúrtha ina bhfuil sulfáit chailciam ag méideanna éagsúla hídaráitithe íoschion cothaitheach (céatadán de réir meáchain): 25 % CaO 35 % SO ₃ cailciam agus sulfar arna sloinneadh mar iomlán CaO + SO ₃ míne meilte: — ar a laghad 80 % in ann dul trí chriathar mogaill 2 mm ar leithead, — ar a laghad 99 % in ann dul trí chriathar mogaill 10 mm ar leithead ón 16 Iúil 2022, tá feidhm ag na teorainneacha ábhartha le haghaidh éilleán a shocraítear i Rialachán (AE) 2019/1009
Aol tionsclaíoch ó tháirgeadh siúcra	seachtháirge ó tháirgeadh siúcra ó bhias siúcra agus siúcra cána
Aol tionsclaíoch ó tháirgeadh salainn folúis	seachtháirgí ón táirgeadh salainn folúis ó sháile a fhaightear sna sléibhte
Sulfar eiliminteach	go dtí an 15 Iúil 2022: mar a liostaítear i gcomhréir le Cuid D d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ón 16 Iúil 2022, tá feidhm ag na teorainneacha ábhartha le haghaidh éilleán a shocraítear i Rialachán (AE) 2019/1009
Leasachán Neamhorgánach Micreachothaitheach	go dtí an 15 Iúil 2022: mar a liostaítear i gcomhréir le Cuid E d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003; ón 16 Iúil 2022, tá feidhm ag na teorainneacha ábhartha le haghaidh éilleán a shocraítear i Rialachán (AE) 2019/1009
Clóiríd sóidiam	
Mín cloch, créanna agus mianraí cré	
Lionairdít (Dríodar orgánach amh ar mhórán aigéid húmasacha)	ach amháin má fhaightear an méid sin mar sheachtháirge de ghníomhaíochtaí mianadóireachta
Aicéid húmasacha agus fhulvacha	ach amháin má fhaightear an méid sin le salainn/tuaslagáin neamhorgánacha seachas salainn amóiniam; nó má fhaightear an méid sin ó íonú uisce óil
Xilít	ach amháin má fhaightear an méid sin mar sheachtháirge de ghníomhaíochtaí mianadóireachta (e.g. seachtháirge de mhianadóireacht guail dhoinn)
Citin (Polaisiúicríd arna fáil ó bhlaosc crústach)	arna fáil ó dhobharshaothrú orgánach nó ó iascaigh inbhuanaithe, i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013

Dríodar an-orgánach ⁽¹⁾ ó dhobharlaigh úra arna bhfoirmiú faoi eisiamhocsaigine (e.g. sapraipéal)	ach amháin dríodair orgánacha ar seachtháirgí iad de bhainistíocht dotharlach úr nó arna n-eastóscadh ó iarlímistéir fionnuisce i gcás inarb infheidhme, ba cheart eastóscadh a dhéanamh ar bhealach lena n-áiritheofar go n-imreofar tionchar íosta ar an gcóras uisceach ach amháin dríodair atá díorthaithe ó fhoinsí atá saor ó éillithe lotnaidí, truailléin orgánacha leanúnacha agus substaintí peitрил den sórt go dtí an 15 Iúil 2022: uas-tiúcháin de réir mg/kg d'ábhar tirim: caidmiam: 0,7; copar: 70; nicil: 25; luaidhe: 45; sinc: 200; mearcair: 0,4; cróimiam (iomlán): 70; cróimiam (VI): nach bhfuil inbhraite ón 16 Iúil 2022, tá feidhm ag na teorainneacha ábhartha le haghaidh éilleán a shocraítear i Rialachán (AE) 2019/1009
Bithghualach - táirge pireaialithe déanta as réimse leathan d'ábhair orgánacha de thionscnamh plandaí agus arna úsáid mar oiriúntóir ithreach	ach amháin ó ábhair plandaí, nuair a dhéantar iad a chóireáil iarbhuainte leis na táirgí a áirítear in Iarscríbhinn I, agus leis na táirgí sin amháin go dtí an 15 Iúil 2022: uasluach 4 mg de hidreacarbóin aramatacha iltimthriallacha (PAHanna) in aghaidh an kg d'ábhar tirim (DM) ón 16 Iúil 2022, tá feidhm ag na teorainneacha ábhartha le haghaidh éilleán a shocraítear i Rialachán (AE) 2019/1009

⁽¹⁾ Úsáidtear "orgánach" anseo i gciall na ceimice orgánaí, seachas an fheirmeoireacht orgánach

IARSCRÍBHINN III

Táirgí agus substaintí údaraithe lena n-úsáid mar bheatha nó agus beatha á tháirgeadh

CUID A

Ábhar beatha neamhorgánach údaraithe de thionscnamh plandaí, algaí, ainmhíoch nó giosta nó ábhar beatha de thionscnamh miocróbach nó mianrach dá dtagraítear in Airteagal 24(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2018/848

(1) ÁBHAIR BHEATHA DE THIONSCNAMH MIANRACH

Uimhir sa chatalóg bheatha ⁽¹⁾	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
11.1.1	Carbónáit chailciam	
11.1.2	Blaoscanna muirí cailcreacha	
11.1.4	Méarla	
11.1.5	Liotataimnian	
11.1.13	Glúcónáit chailciam	
11.2.1	Ocsaíd mhaignéisiam	
11.2.4	Sulfáit mhaignéisiam ainhidriúil	
11.2.6	Clóiríd mhaignéisiam	
11.2.7	Carbónáit mhaignéisiam	
11.3.1	Fosfáit déchailciam	
11.3.3	Fosfáit mhonacailciam	
11.3.5	Fosfáit chailciam-maignéisiam	
11.3.8	Fosfáit mhaignéisiam	
11.3.10	Fosfáit mhonasóidiam	
11.3.16	Fosfáit sóidiam chailciam	
11.3.17	Fosfáit mhona-amóiniam (Ortafosfáit dé-hidrigine amóiniam)	ach amháin le haghaidh dobharshaothrú
11.4.1	Clóiríd sóidiam	
11.4.2	Décharbónáit sóidiam	
11.4.4	Carbónáit sóidiam	
11.4.6	Sulfáit sóidiam	
11.5.1	Clóiríd photaisiam	

⁽¹⁾ I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 68/2013 ón gCoimisiún an 16 Eanáir maidir leis an gCatalóg d'ábhair bheatha (IO L 29, 30.1.2013, lch. 1).

(2) ÁBHAIR BHEATHA EILE

Uimhir sa chatalóg bheatha (1)	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
10	Min, ola agus ábhair bheatha eile de thionscnamh éisc nó ainmhithe uiscí eile	ar choinníoll go bhfaightear iad ó iascaigh atá deimhnithe mar iascaigh inbhuanaithe faoi scéim atá aitheanta ag an údarás inniúil i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ar choinníoll go ndéantar iad a tháirgeadh nó a ullmhú gan tuaslagóirí atá sintéisithe go ceimiceach níl a n-úsáid údaraithe ach amháin do bheostoc nach luibhiteoirí iad níl úsáid hidrealasáite próitéine éisc údaraithe ach amháin do bheostoc óg nach luibhiteoirí iad
10	Min, ola agus ábhair bheatha eile de thionscnamh éisc, moileasc nó crústach	le haghaidh ainmhithe do bharshaothraithe feoiliteacha ó iascaigh atá deimhnithe mar iascaigh inbhuanaithe faoi scéim atá aitheanta ag an údarás inniúil i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, i gcomhréir le pointe 3.1.3.1(c) de Chuid III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 díorthaithe ó fhuilleach éisc, crústach nó moileasc a gabhadh cheana féin mar bhia don duine i gcomhréir le pointe 3.1.3.3(c) de Chuid III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, nó díorthaithe ó iasc, crústaigh nó moilisc ina n-iomláine a gabhadh agus nár úsáideadh mar bhia don duine i gcomhréir le pointe 3.1.3.3(d) de Chuid III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848
10	Min éisc agus ola éisc	le linn chéim an ramhraithe, le haghaidh iasc in uiscí intíre, séaclaí peinéideacha agus cloicheáin fionnuisce agus iasc fionnuisce trópaiceach ó iascaigh atá deimhnithe mar iascaigh inbhuanaithe faoi scéim atá aitheanta ag an údarás inniúil i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, i gcomhréir le pointe 3.1.3.1(c) de Chuid III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 ach amháin i gcás nach bhfuil beatha nádúrtha i linnte ná lochanna ar fáil i gcainníochtaí leordhóthanacha, uasmhéid 25 % de mhín éisc agus 10 % d'ola éisc sa chiondáil bheatha de shéaclaí peinéideacha agus de chloicheáin fionnuisce (<i>Macrobrachium</i> spp.) agus uasmhéid 10 % de mhín éisc nó d'ola éisc sa chiondáil bheatha de chait mhara Shiamacha (<i>Pangasius</i> spp.), i gcomhréir le pointe 3.1.3.4 (c)(i) agus (ii) de Chuid III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848
ex 12.1.5	Giostaí	giostaí arna bhfáil ó <i>Saccharomyces cerevisiae</i> nó <i>Saccharomyces carlsbergensis</i> , dhíghníomhaithe as a dtagann easpa miocrorgánach nuair nach bhfuil an méid sin ar fáil ó tháirgeadh orgánach
ex 12.1.12	Táirgí giosta	táirgeadh coipthe arna fháil ó <i>Saccharomyces cerevisiae</i> , <i>Saccharomyces carlsbergensis</i> , dhíghníomhaithe as a dtagann easpa miocrorgánach beo ina bhfuil codanna giostaí nuair nach bhfuil an méid sin ar fáil ó tháirgeadh orgánach

	Colaistéaról	táirge arna fháil ó shail caorach (lanailin) le gallúnú, deighiltí agus criostalú, ó shliogiasc nó foinsí eile chun na riachtanais aiste bia chainníochtúla de shéaclaí peinéideacha agus cloicheáin fionnuisce (<i>Macrobrachium</i> spp.) a áirithiú le linn chéim an ramhráithe agus céimeanna beatha níos luaithe in iasclanna agus i ngorlanna nuair nach bhfuil an méid sin ar fáil ó tháirgeadh orgánach
	Luibheanna	i gcomhréir le hAirteagal 24(3), pointe (e)(iv), de Rialachán (AE) 2018/848, go háirithe: — nuair nach bhfuil an méid ar fáil i bhfoirm orgánach — arna dtáirgeadh/arna n-ullmhú gan tuaslagóirí ceimiceacha — uasmhéid 1 % sa chiondáil bheatha
	Moláis	i gcomhréir le hAirteagal 24(3), pointe (e)(iv), de Rialachán (AE) 2018/848, go háirithe: — nuair nach bhfuil an méid ar fáil i bhfoirm orgánach — arna dtáirgeadh/arna n-ullmhú gan tuaslagóirí ceimiceacha — uasmhéid 1 % sa chiondáil bheatha
	Fíteaplanctón agus zóplanctón	ach amháin i dtógáil larbhach planctón den sórt sin atá óg
	comhdhúile próitéine sonracha	I gcomhréir le pointe 1.9.3.1 (c) agus 1.9.4.2 (c) de Rialachán (AE) 2018/848, go háirithe: — go dtí an 31 Nollaig 2026, — nuair nach bhfuil an méid ar fáil i bhfoirm orgánach, — arna dtáirgeadh/arna n-ullmhú gan tuaslagóirí ceimiceacha, — chun bainbh atá suas le 35 kg nó éanlaith chlóis óg a bheathú, — uasmhéid 5 % d'ábhar tirim beatha de thionscnamh talmhaíochta in aghaidh na tréimhse 12 mhí
	Spíosraí	i gcomhréir le hAirteagal 24(3), pointe (e)(iv), de Rialachán (AE) 2018/848, go háirithe: — nuair nach bhfuil an méid ar fáil i bhfoirm orgánach — arna dtáirgeadh/arna n-ullmhú gan tuaslagóirí ceimiceacha — uasmhéid 1 % sa chiondáil bheatha

(¹) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 68/2013.

CUID B

Breiseáin bheatha agus áiseanna próiseála údaraithe arna n-úsáid i gcothú ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 24(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2018/848

Ní mór breiseáin bheatha a liostaítear sa Chuid seo a bheith údaraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

Tá na coinníollacha sonracha a leagtar amach anseo le cur i bhfeidhm i dteannta choinníollacha na n-údaruithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(1) BREISEÁIN THEICNEOLAÍOCHA

(a) Leasaithe

Uimhir aitheantais nó feidhmghrúpa	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
E 200	Aigéad sorbach	
E 236	Aigéad formach	
E 237	Formáit sóidiam	

E 260	Aigéad aicéiteach	
E 270	Aigéad luchtach	
E 280	Aigéad próipianach	
E 330	Aigéad citreach	

(b) *Frithocsaídeoírí*

Uimhir aitheantais nó feidhmghrúpa	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
1b306(i)	Eastóscáin tócaifearóil ó olaí plandúla	
1b306(ii)	Eastóscáin ar mhórán tócaifearóil ó olaí plandúla (ar mhórán deilte)	

(c) *Eiblitheoirí, cobhsaitheoirí, tiúsóirí agus oibreáin ghlóthúcháin*

Uimhir aitheantais nó feidhmghrúpa	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
1c322, 1c322i	Leicitíní	ach amháin nuair atá siad díorthaithe ó amháibhar orgánach úsáid theoranta do bheatha ainmhithe do bharshaothraithe

(d) *Táthuithe agus oibreáin frithstolptha*

Uimhir aitheantais nó feidhmghrúpa	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
E 412	Guma guair	
E 535	Fearóiciainíd sóidiam	uaschion: 20 mg/kg NaCl arna ríomh mar ainian fearóiciainíde
E 551b	Silice chollóideach	
E 551c	Kieselgur (cré dhiatómúil, íonaithe)	
1m558i	Beintínít	
E 559	Meallchréanna, saor ó aispeist	
E 560	Meascáin nádúrtha de stéití agus clóirít	
E 561	Veirmicílít	
E 562	Séipailít	
E 566	Natrailít-Fónailít	
1g568	Clinitilít de thionscnamh dríodair	
E 599	Péirlít	

(e) Breiseáin sadhlais

Uimhir aitheantais nó feidhmghrúpa	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
1k	Einsímí, miocroorgánaigh	gan bheith údaraithe ach amháin chun coipeadh leordhóthanach a áirithiú
1k236	Aigéad formach	
1k237	Formáit sóidiam	
1k280	Aigéad próipianach	
1k281	Próipianáit sóidiam	

(2) BREISEÁIN CHÉADFACHA

Uimhir aitheantais nó feidhmghrúpa	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
ex2a	Astaxaintin	ach amháin nuair atá sí díorthaithe ó fhoinsí orgánacha, amhail sliogáin crústach orgánacha ach amháin sa chiondail bheatha le haghaidh bradán agus breac laistigh de theorainn a riachtanas fiseolaíoch mura bhfuil aon astaxaintin atá díorthaithe ó fhoinsí orgánacha ar fáil, féadfar astaxaintin ó fhoinsí nádúrtha a úsáid amhail <i>Phaffia rhodozyma</i> ar mhórán Astaxaintin
ex2b	Comhdhúile blaitithe	ach amháin eastóscáin ó tháirgí talmhaíochta, lena n-áirítear eastóscán Castáin (<i>Castanea sativa</i> Mill.)

(3) BREISEÁIN CHOTHAITHEACHA

(a) Vitimíní, próivitimíní agus substaintí atá mionsainithe ó thaobh ceimiceán de, a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu

Uimhir aitheantais nó feidhmghrúpa	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
ex3a	Vitimíní agus Próivitimíní	díorthaithe ó tháirgí talmhaíochta mura bhfuil an méid sin ar fáil ó tháirgí talmhaíochta: — díorthaithe go sintéiseach, ní fhéadfar ach amháin iad sin atá comhionann le vitimíní atá díorthaithe ó tháirgí talmhaíochta a úsáid le haghaidh ainmhithe monagastracha agus ainmhithe do bharshaothraithe — díorthaithe go sintéiseach, ní fhéadfar ach amháin vitimíní A, D agus E atá comhionann le vitimíní atá díorthaithe ó tháirgí talmhaíochta a úsáid le haghaidh athchogantach; tá an úsáid faoi réir réamhúdarú ó na Ballstáit bunaithe ar an measúnú ar an bhféidearthacht go bhfaigheadh athchogantaigh orgánacha na cainníochtaí is gá de na vitimíní sin trína gciondálacha beatha
3a920	Béitín ainhidriúil	i gcás ainmhithe monagastracha amháin ó tháirgeadh orgánach; mura bhfuil sin ar fáil, de thionscnamh nádúrtha

(b) *Comhdhúile de riandúile*

Uimhir aitheantais nó feidhmghrúpa	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
3b101	Carbónáit (sidirít) iarainn (II)	
3b103	Sulfáit iarainn (II) mhonaihiodráite	
3b104	Sulfáit iarainn (II) heiptihiodráite	
3b201	Iaidíd photaisiam	
3b202	Iadáit chailciam, ainhidriúil	
3b203	Gráinníní brataithe d'iadáit chailciam ainhidriúil	
3b301	Cóbalt aicéatáite (II) teitrihiodráite	
3b302	Carbónáit chóbailt (II)	
3b303	Hiodrocsaíd charbónáite (2:3) chóbailt (II) mhonaihiodráite	
3b304	Gráinníní brataithe de charbónáit chóbailt (II)	
3b305	Sulfáit chóbailt (II) heiptihiodráite	
3b402	Déhidrocsacarbónáit chopair (II) mhonaihiodráite	
3b404	Ocsaíd chopair (II)	
3b405	Peintihiodráit sulfáite copair (II)	
3b409	Tríhidrocsaíd chlóiríde déchopair	
3b502	Ocsaíd mhangainéise (II)	
3b503	Sulfáit mhangainéise, mhonaihiodráite	
3b603	Ocsaíd since	
3b604	Sulfáit since heiptihiodráite	
3b605	Sulfáit since mhonaihiodráite	
3b609	Hiodrocsaíd clóiríde since mhonaihiodráite	
3b701	Molabdáit sóidiam déhiodráite	
3b801	Seiléinít sóidiam	
3b802	Gráinníní brataithe de sheiléinít sóidiam	
3b803	Seiléinít sóidiam	
3b810	Giosta seiléinithe, <i>Saccharomyces cerevisiae</i> CNCM I-3060, díghníomhaithe	
3b811	Giosta seiléinithe, <i>Saccharomyces cerevisiae</i> NCYC R397, díghníomhaithe	
3b812	Giosta seiléinithe, <i>Saccharomyces cerevisiae</i> CNCM I-3399, díghníomhaithe	
3b813	Giosta seiléinithe, <i>Saccharomyces cerevisiae</i> NCYC R646, díghníomhaithe	
3b817	Giosta seiléinithe, <i>Saccharomyces cerevisiae</i> NCYC R645, díghníomhaithe	

(c) *Aimíonaigéid, a salainn agus a n-analóga*

Uimhir aitheantais nó feidhmghrúpa	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
3c3.5.1 agus 3c352	Monai-hidreaclóiríd L-histidín mhonaihiodráite	arna táirgeadh trí choipeadh féadfar an méid sin a úsáid sa chiondáil bheatha le haghaidh salmainidí nuair is amhlaidh nach soláthraítear leis na foinsí beatha a liostaítear i bpointe 3.1.3.3 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 méid leordhóthanach histidín chun riachtanais aiste bia an éisc a chomhlíonadh

(4) BREISEÁIN ZÓITEICNIÚLA

Uimhir aitheantais nó feidhmghrúpa	Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
4a, 4b, 4c agus 4d	Einsímí agus microrgánaigh	

IARSCRÍBHINN IV

Táirgí glantacháin agus díghalraithe údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 24(1), pointe (e), pointe (f) agus pointe (g), de Rialachán (AE) 2018/848

CUID A

Táirgí chun linnte, cásanna, umair, rásbhealaí, foirgnimh nó suiteálacha a úsáidtear le haghaidh táirgeadh ainmhithe a ghlanadh agus a dhíghalrú

CUID B

Táirgí chun foirgnimh agus suiteálacha a úsáidtear le haghaidh táirgeadh plandaí, lena n-áirítear stóráil ar ghabháltas talmhaíochta, a ghlanadh agus a dhíghalrú

CUID C

Táirgí le haghaidh glantacháin agus díghalrú i saoraidí próiseála agus stórála

CUID D

Táirgí dá dtagraítear in Airteagal 12(1) den Rialachán seo

Na táirgí seo a leanas nó táirgí ina bhfuil na substaintí gníomhacha seo a leanas mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 889/2008, ní féidir iad a úsáid mar tháirgí bithicéideacha:

- sóid loiscneach;
 - potais loiscneach;
 - aigéad ocsalach;
 - úscaí nádúrtha plandaí cé is moite d'ola rois lín, ola labhandair agus ola lus an phiobair;
 - aigéad nítreach;
 - aigéad fosfarach;
 - carbónáit sóidiam;
 - sulfáit chopair;
 - sármhanganáit photaisiam;
 - cáca síl tae déanta as síol caiméilia nádúrtha;
 - aigéad húmasach;
 - aigéid shárocса-aicéiteacha cé is moite d'aigéad sáraicéiteach.
-

IARSCRÍBHINN V

Táirgí agus substaintí údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh bia orgánaigh phróiseáilte agus giosta a úsáidtear mar bhia nó mar bheatha

CUID A

Breiseáin bhia agus áiseanna próiseála údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 24(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/848

ROINN A1 — BREISEÁIN BHIA, LENA nÁIRÍTEAR IOMPRÓIRÍ

Tá na hearraí bia orgánacha a bhféadfar breiseáin bhia a chur leo laistigh de theorainn na n-údaruithe a thugtar i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

Tá na coinníollacha agus na srianta sonracha a leagtar amach anseo le cur i bhfeidhm i dteannta choinníollacha na n-údaruithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

Chun críche ríomh na gcéatadán dá dtagraítear in Airteagal 30(5) de Rialachán (AE) 2018/848, déanfar na breiseáin bhia atá marcáilte le réiltín i gcolún na códuimhreach a ríomh mar chomhábhair de thionscnamh talmhaíochta.

Cód	Ainm	Na hearraí bia a bhféadfar an méid sin a chur leo	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
E 153	Carbón plandúil	craiceann cáise inite de cháis gabhair luathriúil Cáis Morbier	
E 160b(i)*	Bicsin annatto	Cáis Red Leicester Cáis Double Gloucester Céadar Cáis Mimolette	
E 160b(ii)*	Noirbicsin annatto	Cáis Red Leicester Cáis Double Gloucester Céadar Cáis Mimolette	
E 170	Carbónáit chailciam	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	ní úsáidfean an méid sin le haghaidh dathú ná saibhriú cailciam táirgí
E 220	Dé-ocsaíd sulfair	fionta torthaí (fion déanta as torthaí seachas fionchaora, lena n-áirítear leann úll agus leann piorraí) agus meá gan siúcra sa bhreis	100 mg/l (uasleibhéil ar fáil ó na foinsí uile, arna sloinneadh mar SO ₂ in mg/l)
E 223	Meiti-dhéshuilfít sóidiam	crústaigh	
E 224	Meiti-dhéshuilfít photaisiam	fionta torthaí (fion déanta as torthaí seachas fionchaora, lena n-áirítear leann úll agus leann piorraí) agus meá gan siúcra sa bhreis	100 mg/l (uasleibhéil ar fáil ó na foinsí uile, arna sloinneadh mar SO ₂ in mg/l)
E250	Nítrít sóidiam	táirgí feola	ní fhéadfar an méid sin a úsáid ach amháin má léiríodh chun sástacht an údaráis inniúil nach bhfuil aon rogha mhalartach theicneolaíoch ar fáil, lena dtugtar na ráthaíochtaí céanna agus/nó lenar féidir gnéithe sonracha an táirge a choinneáil ar bun

			ná húsáidtear in éineacht le E252 uasmhéid isteach arna shloinneadh mar NaNO ₂ : 80 mg/kg, uasmhéid iarmharach arna shloinneadh mar NaNO ₂ : 50 mg/kg
E252	Níotráit photaisiam	táirgí feola	ní fhéadfar an méid sin a úsáid ach amháin má léiríodh chun sástacht an údaráis inniúil nach bhfuil aon rogha mhalartach theicneolaíoch ar fáil, lena dtugtar na ráthaíochtaí céanna agus/nó lenar féidir gnéithe sonracha an táirge a choinneáil ar bun ná húsáidtear in éineacht le E250 uasmhéid isteach arna shloinneadh mar NaNO ₃ : 80 mg/kg, uasmhéid iarmharach arna shloinneadh mar NaNO ₃ : 50 mg/kg
E 270	Aigéad lachtach	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
E 290	Dé-ocsaíd charbóin	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
E 296	Aigéad malach	táirgí de thionscnamh plandaí	
E 300	Aigéad ascorbach	táirgí de thionscnamh plandaí táirgí feola	
E 301	Sóidiam ascorbach	táirgí feola	ní fhéadfar an méid sin a úsáid ach amháin i ndáil le níotráití agus nítrítí
E 306*	Eastóscán ar mhórán tócaifearól	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	frithocsaídeoir
E 322*	Leicitiní	táirgí de thionscnamh plandaí táirgí bainne	ach amháin ó tháirgeadh orgánach
E 325	Lachtáit sóidiam	táirgí de thionscnamh plandaí táirgí bainnebhunaithe agus feola	
E 330	Aigéad citreach	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
E 331	Ciotráití sóidiam	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
E 333	Ciotráití cailciam	táirgí de thionscnamh plandaí	
E 334	Aigéad tartarach (L(+)-)	táirgí de thionscnamh plandaí meá	
E 335	Tartráití sóidiam	táirgí de thionscnamh plandaí	
E 336	Tartráití potaisiam	táirgí de thionscnamh plandaí	
E 341(i)	Monacailciam fosfáit	plúr éiritheach	oibreán éiritheach
E 392*	Eastóscáin Maróis	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	ach amháin ó tháirgeadh orgánach

E 400	Aigéad ailgineach	táirgí de thionscnamh plandaí táirgí bainne	
E 401	Ailgionáit sóidiam	táirgí de thionscnamh plandaí táirgí bainne ispíní bunaithe ar fheoil	
E 402	Ailgionáit photaisiam	táirgí de thionscnamh plandaí táirgí bainnebhunaithe	
E 406	Agar	táirgí de thionscnamh plandaí táirgí bainnebhunaithe agus táirgí feola	
E 407	Carraigínin	táirgí de thionscnamh plandaí táirgí bainnebhunaithe	
E 410*	Guma pónaire lócaiste	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	ach amháin ó tháirgeadh orgánach
E 412*	Guma guair	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	ach amháin ó tháirgeadh orgánach
E 414*	Guma Arabach	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	ach amháin ó tháirgeadh orgánach
E 415	Guma Xantáin	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
E 417	Guma Tara	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	tiúsóir ach amháin ó tháirgeadh orgánach
E 418	Guma geileáin	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	i bhfoirm ardaicile amháin ach amháin ó tháirgeadh orgánach, infheidhme amhail ón 1 Eanáir 2023
E 422	Gliocról	eastóscáin plandaí blastáin	ach amháin de thionscnamh plandaí tuaslagóir agus iompróir in eastóscáin plandaí agus blastáin taisleán i gcapsúil ghlóthaí bratú dromchla táibléad ach amháin ó tháirgeadh orgánach
E 440(i)*	Peictin	táirgí de thionscnamh plandaí táirgí bainnebhunaithe	
E 460	Ceallalós	geilitín	
E 464	Ceallalós meitile hidrocpróipile	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	ábhar imchlochlaithe le haghaidh capsúl
E 500	Carbónáití sóidiam	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
E 501	Carbónáití potaisiam	táirgí de thionscnamh plandaí	
E 503	Carbónáití amóniam	táirgí de thionscnamh plandaí	
E 504	Carbónáití maignéisiam	táirgí de thionscnamh plandaí	
E 509	Clóiríd chailciam	Táirgí bainnebhunaithe	oibreán téachta

E 516	Sulfáit chailciam	táirgí de thionscnamh plandaí	iompróir
E 524	Hiodrocsaíd sóidiam	“Laugengebäck” blastáin	cóireáil dromchla rialtóir aigéadachta
E 551	Dé-ocsaíd sileacain	luibheanna agus spíosraí i bhfoirm phúdraithe thriomaithe, blastáin gliú beach	
E 553b	Talc	ispíní bunaithe ar fheoil	cóireáil dromchla
E 901	Céir beach	milseogra	oibreán glónraithe ach amháin ó tháirgeadh orgánach
E 903	Céir charnába	milseogra torthaí citris	oibreán glónraithe modh maolaitheach le haghaidh cóireáil shainordaitheach an-fhuar ar thorthaí mar bheart coraintín sainordaitheach in aghaidh orgánaigh dhíobhálacha i gcomhréir le Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1279 ón gCoimisiún ⁽¹⁾ ach amháin ó tháirgeadh orgánach
E 938	Argón	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
E 939	Héiliam	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
E 941	Nítrigin	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
E 948	Ocsaigin	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
E 968	Eiritriótól	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	ach amháin ó tháirgeadh orgánach gan teicneolaíocht ianmhalartaithe a úsáid

⁽¹⁾ Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1279 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2017 lena leasaítear Iarscríbhinní I go V a ghabhann le Treoir 2000/29/CE ón gComhairle maidir le bearta cosanta in aghaidh orgánaigh atá dochrach do phlandaí nó do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus in aghaidh leathadh orgánach den sórt sin laistigh den Chomhphobal (IO L 184, 15.7.2017, lch. 33).

ROINN A2 — ÁISEANNA PRÓISEÁLA AGUS TÁIRGÍ EILE, A FHÉADFAIR A ÚSÁID LE HAGHAIDH PRÓISEÁIL COMHÁBHAR DE THIONSCNAMH TALMHAÍOCHTA Ó THÁIRGEADH ORGÁNACH

Tá na coinníollacha agus na srianta sonracha a leagtar amach anseo le cur i bhfeidhm i dteannta choinníollacha na n-údaruithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

Ainm	Gan bheith údaraithe ach amháin le haghaidh phróiseáil na n-earraí bia orgánacha seo a leanas	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
Uisce	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	uisce óil de réir bhrí Threoir 98/83/CE ón gComhairle ⁽¹⁾
Clóiríd chailciam	táirgí de thionscnamh plandaí ispíní bunaithe ar fheoil	oibreán téachta
Carbónáit chailciam	táirgí de thionscnamh plandaí	
Hiodrocsaíd chailciam	táirgí de thionscnamh plandaí	

Sulfáit chailciam	táirgí de thionscnamh plandaí	oibreán téachta
Clóiríd mhaighnéisiam (nó nigari)	táirgí de thionscnamh plandaí	oibreán téachta
Carbónáit photaisiam	Fíonchaora	oibreán triomaithe
Carbónáit sóidiam	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
Aigéad luchtach	Cáis	le haghaidh rialáil pH na daibhche sáile i dtáirgeadh cáise
Aigéad L(+)-luchtach ó choipeadh	eastóscáin próitéine plandaí	
Aigéad citreach	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
Hiodrocsaíd sóidiam	Siúcra(í) ola de thionscnamh plandaí seachas ola olóige eastóscáin próitéine plandaí	
Aigéad sulfarach	geilitín siúcra(í)	
Eastóscán leanlusanna	siúcra	ach amháin chun críoch frithmhiocróbach ach amháin ó tháirgeadh orgánach, má tá sé ar fáil
Eastóscán roisín péine	siúcra	ach amháin chun críoch frithmhiocróbach ach amháin ó tháirgeadh orgánach, má tá sé ar fáil
Aigéad hidreaclórach	geilitín Cáiseanna Gouda, Edam agus Maasdammer, Boerenkaas, Friese agus Leidse Nagelkaas	táirgeadh geilitín i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (?) le haghaidh rialáil pH na daibhche sáile i bpróiseáil cáiseanna
Hiodrocsaíd amóniam	Geilitín	táirgeadh geilitín i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004
Sárocsaíd hidrigine	Geilitín	táirgeadh geilitín i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004
Dé-ocsaíd charbóin	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
Nítrigin	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
Eatánól	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	tuaslagóir
Aigéad tainneach	táirgí de thionscnamh plandaí	áis scagacháin
Albaimin gealacáin uibhe	táirgí de thionscnamh plandaí	
Cáiseín	táirgí de thionscnamh plandaí	
Geilitín	táirgí de thionscnamh plandaí	
Iascghlae	táirgí de thionscnamh plandaí	

Oláí plandúla	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	oibreán gréiscthe, scaoileacháin nó frithchúrtha ó tháirgeadh orgánach amháin
Glóthach dé-ocsaíd síleacain nó tuaslagán collóideach	táirgí de thionscnamh plandaí	
Carbón gníomhachtaithe (CAS-7440-44-0)	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	
Talc	táirgí de thionscnamh plandaí	i gcomhréir leis na critéir íonachta shonracha le haghaidh bhreiseán bia E 553b
Beintínít	táirgí de thionscnamh plandaí meá	oibreán greamaitheach le haghaidh meá
Ceallalós	táirgí de thionscnamh plandaí geilitín	
Cré dhiatómúil	táirgí de thionscnamh plandaí geilitín	
Péirlít	táirgí de thionscnamh plandaí geilitín	
Blaoscanna cnó coill	táirgí de thionscnamh plandaí	
Mín ríse	táirgí de thionscnamh plandaí	
Céir beach	táirgí de thionscnamh plandaí	oibreán scaoileacháin ach amháin ó tháirgeadh orgánach
Céir charnába	táirgí de thionscnamh plandaí	oibreán scaoileacháin ach amháin ó tháirgeadh orgánach
Aigéad aicéiteach/ finéagar	táirgí de thionscnamh plandaí; iasc	ach amháin ó tháirgeadh orgánach ó choipeadh nádúrtha
Hidreaclóiríd tiaimín	fíonta torthaí, leann úll, leann piorraí agus meá	
Fosfáit dé-amóiniam	fíonta torthaí, leann úll, leann piorraí agus meá	
Snáithín adhmaid	táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch	ba cheart foinse an adhmaid a bheith teoranta d'adhmaid deimhnithe, a lománaíodh go hinbhuanaithe níor cheart comhpháirteanna tocsaineacha a bheith san adhmaid a úsáidtear (cóireáil iarlománaithe, tocsainí a fhaightear go nádúrtha nó tocsainí ó mhicrorgánaigh)

(¹) Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht an uisce a bheartaítear le hól ag an duine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

(²) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55)

CUID B

Comhábhair thalmhaíochta neamhorgánacha údaraithe lena n-úsáid chun bia orgánach próiseáilte dá dtagraítear in Airteagal 24(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/848 a tháirgeadh

Ainm	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
Alga Arame (<i>Eisenia bicyclis</i>), neamhphróiseáilte chomh maith le táirgí próiseála céadchéime a bhaineann go díreach leis an alga sin	
Alga Hijiki (<i>Hizikia fusiforme</i>), neamhphróiseáilte chomh maith le táirgí próiseála céadchéime a bhaineann go díreach leis an alga sin	
Coirt an chrainn Pau d'arco <i>Handroanthus impetiginosus</i> ("lapacho")	le húsáid in Kombucha agus meascáin tae amháin
Cásálacha	ó amháibhair nádúrtha de thionscnamh ainmhíoch nó ó ábhar de thionscnamh plandaí
Geilitín	ó fhoinsí eile seachas foinsí mucúla
Púdar/leacht mianrach bainne	ach amháin nuair a úsáidtear an méid sin le haghaidh a fheidhme céadfaí chun clóiríd sóidiam a ionadú go hiomlán nó go páirteach
Éisc fhiáine agus ainmhithe uisceacha fiáine, neamhphróiseáilte chomh maith le táirgí atá díorthaithe uaidh sin le próisis	ach amháin ó iascaigh atá deimhnithe mar iascaigh inbhuanaithe faoi scéim atá aitheanta ag an údarás inniúil i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, i gcomhréir le pointe 3.1.3.1(c) de Chuid III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 ach amháin nuair nach bhfuil an méid sin le fáil i ndobharshaothrú orgánach

CUID C

Áiseanna próiseála údaraithe agus táirgí eile chun giosta agus táirgí giosta a tháirgeadh dá dtagraítear in Airteagal 24(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2018/848

Ainm	Giosta príomhúil	Táirgeadh/ ullmhú/ foirmlíú giosta	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
Clóiríd chailciam	X		
Dé-ocsaíd charbóin	X	X	
Aigéad citreach	X		le haghaidh rialáil an pH i dtáirgeadh giosta
Aigéad lachtach	X		le haghaidh rialáil an pH i dtáirgeadh giosta
Nítrigin	X	X	
Ocsaigin	X	X	
Stáirse prátaí	X	X	le haghaidh scagacháin ach amháin ó tháirgeadh orgánach
Carbónáit sóidiam	X	X	le haghaidh rialáil an pH
Olaí plandúla	X	X	oibreán gréiscthe, scaoileacháin nó frithchúrtha ach amháin ó tháirgeadh orgánach

CUID D

Táirgí agus substaintí údaraithe le haghaidh táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna orgánacha ó earnáil an fhíona dá dtagraítear i bpointe 2.2. de Chuid VI d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848

Ainm	Uimhreacha aitheantais	Tagairtí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/934	Coinníollacha agus teorainneacha sonracha
Aer		Cuid A, Tábla 1, pointí 1 agus 8	
Ocsaigin ghásach	E 948 CAS 17778- 80-2	Cuid A, Tábla 1, pointe 1 Cuid A, Tábla 2, pointe 8.4	
Argón	E 938 CAS 7440-37-1	Cuid A, Tábla 1, pointe 4 Cuid A, Tábla 2, pointe 8.1	ní fhéadfar an méid sin a úsáid le haghaidh boilgearnaí
Nítrigin	E 941 CAS 7727-37-9	Cuid A, Tábla 1, pointí 4, 7 agus 8 Cuid A, Tábla 2, pointe 8.2	
Dé-ocsaíd charbóin	E 290 CAS 124-38-9	Cuid A, Tábla 1, pointí 4 agus 8 Cuid A, Tábla 2, pointe 8.3	
Píosaí adhmaid darach		Cuid A, Tábla 1, pointe 11	
Aigéad tartarach (L(+)-)	E 334 CAS 87-69-4	Cuid A, Tábla 2, pointe 1.1	
Aigéad luchtach	E 270	Cuid A, Tábla 2, pointe 1.3	
L(+)-tartráit photaisiam	E 336(ii) CAS 921- 53-9	Cuid A, Tábla 2, pointe 1.4	
Décharbónáit photaisiam	E 501(ii) CAS 298- 14-6	Cuid A, Tábla 2, pointe 1.5	
Carbónáit chailciam	E 170 CAS 471-34-1	Cuid A, Tábla 2, pointe 1.6	
Sulfáit chailciam	E 516	Cuid A, Tábla 2, pointe 1.8	
Dé-ocsaíd sulfair	E 220 CAS 7446-09-5	Cuid A, Tábla 2, pointe 2.1	ní sháróidh an t-uaschion dé-ocsaíde sulfair 100 milleagram in aghaidh an lítir le haghaidh fionta dearga dá dtagraítear i bpointe A.1.(a) de Chuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/934 agus le leibhéal siúcra iarmharaigh is lú ná 2 ghrám in aghaidh an lítir
Déshuilfít photaisiam	E 228 CAS 7773-03-7	Cuid A, Tábla 2, pointe 2.2	
Meiti-dhéshuilfít photaisiam	E 224 CAS 16731-55-8	Cuid A, Tábla 2, pointe 2.3	

			<p>ní sháróidh an t-uaschion dé-ocsaíde sulfair 150 milleagram in aghaidh an lítir le haghaidh fionta bána ná rosé dá dtagraítear i bpointe A.1.(b) de Chuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/934 agus le leibhéal siúcra iarmharaigh is lú ná 2 ghram in aghaidh an lítir</p> <p>le haghaidh na bhfionta uile eile, déanfar an t-uaschion dé-ocsaíde sulfair arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/934 a laghdú le 30 milleagram in aghaidh an lítir</p>
Aigéad L ascorbach	E 300	Cuid A, Tábla 2, pointe 2.6	
Fioghual le haghaidh úsáid fhíoneolaíoch		Cuid A, Tábla 2, pointe 3.1	
Fosfáit hidrigine dé-amóiniam	E 342/CAS 7783-28-0	Cuid A, Tábla 2, pointe 4.2	
Hidreaclóiríd tiaimín	CAS 67-03-8	Cuid A, Tábla 2, pointe 4.5	
Uathaláití giosta		Cuid A, Tábla 2, pointe 4.6	
Cillbhallaí giosta		Cuid A, Tábla 2, pointe 4.7	
Giostaí díghníomhaithe		Cuid A, Tábla 2, pointe 4.8 Cuid A, Tábla 2, pointe 10.5 Cuid A, Tábla 2, pointe 11.5	
Geilítín inite	CAS 9000-70-8	Cuid A, Tábla 2, pointe 5.1	díorthaithe ó amhábhhar orgánach má tá sé ar fáil
Próitéin chruithneachta		Cuid A, Tábla 2, pointe 5.2	díorthaithe ó amhábhhar orgánach má tá sé ar fáil
Próitéin piseanna		Cuid A, Tábla 2, pointe 5.3	díorthaithe ó amhábhhar orgánach má tá sé ar fáil
Próitéin prátaí		Cuid A, Tábla 2, pointe 5.4	díorthaithe ó amhábhhar orgánach má tá sé ar fáil
Iascghlae		Cuid A, Tábla 2, pointe 5.5	díorthaithe ó amhábhhar orgánach má tá sé ar fáil
Cáiséin	CAS 9005-43-0	Cuid A, Tábla 2, pointe 5.6	díorthaithe ó amhábhhar orgánach má tá sé ar fáil
Cáiséanáití potaisiam	CAS 68131-54-4	Cuid A, Tábla 2, pointe 5.7	
Albaimin uibhe	CAS 9006-59-1	Cuid A, Tábla 2, pointe 5.8	díorthaithe ó amhábhhar orgánach má tá sé ar fáil

Beintínít	E 558	Cuid A, Tábla 2, pointe 5.9	
Dé-ocsaíd sileacain (glóthach nó tuaslagán collóideach)	E 551	Cuid A, Tábla 2, pointe 5.10	
Tainníní		Cuid A, Tábla 2, pointe 5.12 Cuid A, Tábla 2, pointe 6.4	díorthaithe ó amháibhar orgánach má tá sé ar fáil
Ciotósán díorthaithe ó <i>Aspergillus niger</i>	CAS 9012-76-4	Cuid A, Tábla 2, pointe 5.13 Cuid A, Tábla 2, pointe 10.3	
Eastóscáin próitéine giosta		Cuid A, Tábla 2, pointe 5.15	díorthaithe ó amháibhar orgánach má tá sé infhaighte
Ailgionáit photaisiam	E 402/CAS 9005-36-1	Cuid A, Tábla 2, pointe 5.18	
Tartráit hidrigine photaisiam	E336(i)/CAS 868-14-4	Cuid A, Tábla 2, pointe 6.1	
Aigéad citreach	E 330	Cuid A, Tábla 2, pointe 6.3	
Aigéad meiteathartarach	E 353	Cuid A, Tábla 2, pointe 6.7	
Guma Arabach	E 414/CAS 9000-01-5	Cuid A, Tábla 2, pointe 6.8	díorthaithe ó amháibhar orgánach má tá sé ar fáil
Mannapróitéíní giosta		Cuid A, Tábla 2, pointe 6.10	
Liáisí peictine	EC 4.2.2.10	Cuid A, Tábla 2, pointe 7.2	ach amháin chun críoch fíoneolaíoch i soiléiriú
Meitileistearáis peictine	EC 3.1.1.11	Cuid A, Tábla 2, pointe 7.3	ach amháin chun críoch fíoneolaíoch i soiléiriú
Polagalachtúrónáis	EC 3.2.1.15	Cuid A, Tábla 2, pointe 7.4	ach amháin chun críoch fíoneolaíoch i soiléiriú
Heimiceallaláis	EC 3.2.1.78	Cuid A, Tábla 2, pointe 7.5	ach amháin chun críoch fíoneolaíoch i soiléiriú
Ceallaláis	EC 3.2.1.4	Cuid A, Tábla 2, pointe 7.6	ach amháin chun críoch fíoneolaíoch i soiléiriú
Giostaí le haghaidh táirgeadh fíona		Cuid A, Tábla 2, pointe 9.1	le haghaidh na dtréithchineálacha giosta aonair, orgánacha má tá siad ar fáil
Baictéir aigéid lachtaigh		Cuid A, Tábla 2, pointe 9.2	
Ciotráit chopair	CAS 866-82-0	Cuid A, Tábla 2, pointe 10.2	
Roisín péine Aleppo		Cuid A, Tábla 2, pointe 11.1	
Moirt úr		Cuid A, Tábla 2, pointe 11.2	ach amháin ó tháirgeadh orgánach

IARSCRÍBHINN VI

Táirgí agus substaintí atá údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach i gceantair áirithe de thrú tíortha de bhun Airteagal 45(2) de Rialachán (AE) 2018/848

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1166 ÓN gCOIMISIÚN
an 15 Iúil 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 a mhéid a bhaineann leis an dáta cur i bhfeidhm a chur siar le haghaidh cásanna caighdeánacha maidir le hoibríochtaí a dhéantar laistigh d'amharclíne súl nó lasmuigh di

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 agus Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 57 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 23(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún ⁽²⁾, ón 2 Nollaig 2021, ní fhéadfaidh na Ballstáit glacadh le dearbhuithe arna ndéanamh ag oibreoirí UAS ach amháin i gcomhréir le hAirteagal 5(5) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin le haghaidh oibríocht lena gcomhlíontar ceann amháin den dá chás chaighdeánacha a leagtar amach i bhFoscábhinn 1 a ghabhann leis an Iarscábhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.
- (2) Dar le monaróirí UAS, ionstraim thábhachtach atá sna caighdeáin chomhchuibhithe chun cur ar a gcumas UASanna comhlíontacha a chur ar an margadh.
- (3) Mar sin féin, ní bheidh fáil ar roinnt de na caighdeáin chomhchuibhithe a dhíríonn ar na ceanglais is infheidhme maidir le UAS d'aicme C5 agus d'aicme C6 faoin 2 Nollaig 2021.
- (4) Is gá, dá bhrí sin, an dáta cur i bhfeidhm a chur siar d'fhonn a áirithiú go mbeidh na caighdeáin chomhchuibhithe ar fáil lena dtugtar aghaidh ar na ceanglais is infheidhme maidir le UAS d'aicme C5 agus d'aicme C6, agus sin amháin, sula bhféadfaidh na Ballstáit glacadh le dearbhuithe le haghaidh oibríochtaí a chomhlíonann na cásanna caighdeánacha arna mbunú le Foscábhinn 1 a ghabhann leis an Iarscábhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947. Go dtí sin, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann glacadh le dearbhuithe arna ndéanamh ag oibreoirí UAS i gcomhréir le hAirteagal 5(5) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, ach iad a bheith bunaithe ar chásanna caighdeánacha náisiúnta nó a gcomhionann.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste arna bhunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 23 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, mhír 3 agus mhír 4:

- “2. Beidh feidhm ag Airteagal 5(5) ón 3 Nollaig 2023.
3. Beidh feidhm ag pointe (2)(g) de phointe UAS.OPEN.060 den Iarscábhinn agus ag pointe (1)(l) de phointe UAS.SPEC.050 den Iarscábhinn ón 1 Iúil 2022.

⁽¹⁾ IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 45).

4. Gan dochar d'Airteagal 21(1), go dtí an 2 Nollaig 2023, féadfaidh na Ballstáit glacadh le dearbhuithe arna ndéanamh ag oibreoirí UAS i gcomhréir le hAirteagal 5(5), bunaithe ar chásanna caighdeánacha náisiúnta nó a gcomhionann, má chomhlíonann na cásanna náisiúnta sin ceanglais phointe UAS.SPEC.020 den Iarscríbhinn.

Scoirfidh dearbhuithe den sórt sin de bheith bailí ón 2 Nollaig 2025.”

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

CINNÍ

CINNEADH TARMLIGTHE (AE) 2021/1167 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Aibreán 2021

lena mbunaítear an creat ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíoch, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíoch in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobhharshaothraithe ó 2022

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gcomhbheartas iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe an chéad fhomhír agus an dara fómhír d'Airteagal 4(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ceanglaítear le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ ar na Ballstáit bailiú a dhéanamh ar na sonraí bitheolaíoch, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíoch atá riachtanach le haghaidh bainistiú iascaigh.
- (2) Ceanglaítear le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2017/1004 ar an gCoimisiún clár ilbhliantúil Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh (clár ilbhliantúil AE).
- (3) Tá an clár ilbhliantúil AE riachtanach chun gur féidir leis na Ballstáit a ngníomhaíochtaí bailithe sonraí a shonrú agus a phleanáil sna pleannanna oibre náisiúnta uathu agus leagtar amach ann liosta mionsonraithe ceanglas sonraí le haghaidh bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíoch, comhshaoil agus socheacnamaíoch, liostaítear ann suirbhéanna éigeantacha ar muir agus socraítear ann tairseacha le haghaidh bailiú sonraí. Glacadh an clár ilbhliantúil AE do 2020-2021 le Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/910 ón gCoimisiún ⁽³⁾ agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/909 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾. Rachaidh an dá chinneadh sin in éag an 31 Nollaig 2021.
- (4) Dá bhrí sin, bunaítear leis an gCinneadh seo socruithe mionsonraithe maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíoch, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíoch ag na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1004 ón 1 Eanáir 2022.
- (5) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na grúpaí ábhartha um chomhordú réigiúnach agus leis an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach ar aon dul le hAirteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2017/1004.

⁽¹⁾ IO L 157, 20.6.2017, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

⁽³⁾ Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/910 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 lena mbunaítear an clár ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíoch, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíoch in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobhharshaothraithe (IO L 145, 4.6.2019, lch. 27).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/909 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2019 lena mbunaítear an liosta suirbhéanna taighde éigeantacha agus tairseach chun críocha an chláir ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobhharshaothraithe (IO L 145, 4.6.2019, lch. 21).

- (6) Tá an cinneadh seo le léamh i gcomhar le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1168 ⁽⁵⁾, lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/909 ón gCoimisiún agus lena mbunaítear an liosta suirbhéanna éigeantacha ar muir agus na tairseacha ar faoina mbun nach bhfuil sé éigeantach do na Ballstáit sonraí a bhailiú bunaithe ar a ngníomhaíochtaí iascaireachta agus do bharshaothraithe nó suirbhéanna taighde ar muir a dhéanamh, dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2017/1004, ón 1 Eanáir 2022. Leagtar síos ann freisin limistéir na réigiún muirí chun críocha bailithe sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(11) de Rialachán (AE) 2017/1004.
- (7) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ba cheart Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/910 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo clár ilbhliantúil an Aontais maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh ó 2022, lena gcumhdaítear an liosta mionsonraithe ceanglas sonraí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2017/1004.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/910 ón gCoimisiún.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽⁵⁾ Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1168 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2021 lena mbunaítear an creat ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíoch, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíoch in earnáil an iascaigh agus san earnáil do bharshaothraithe ó 2022 (féach leathanach 92 den Iris Oifigiúil seo).

IARSCRÍBHINN

CAIBIDIL I

Sainmhínithe

Chun críocha na hIarscríbhíne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach sna rialacháin seo a leanas: Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, ag Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ⁽²⁾, ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún ⁽³⁾, ag Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, agus ag Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾. Ina theannta sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) **soitheach gníomhach:** soitheach a bhí páirteach in aon oibríocht iascaireachta ar feadh aon lae amháin ar a laghad i mbliain féilire.
- (2) **codán gabhála:** cuid den ghabháil iomlán, amháin an chuid den ghabháil a thugtar i dtír atá os cionn na híosmhéide tagartha caomhnaithe, an chuid den ghabháil a thugtar i dtír atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, agus na hábhair mhuirí aiscurtha dhlíthiúla, arna miondealú ina gcuid atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe agus ina gcuid atá os cionn na híosmhéide tagartha caomhnaithe.
- (3) **lá ar muir:** aon tréimhse leanúnach 24 uair an chloig (nó cuid di) ar lena linn atá an soitheach i láthair laistigh de limistéar iascaireachta sainithe agus atá sé as láthair ón gcalafort.
- (4) **gabhála áineasa:** gach comhpháirt den ghabháil choinnítear, a aischnítear agus a scaoiltear, bíodh sí marbh nó beo, a thógtar le linn iascaigh áineasa.
- (5) **speicis dhéhrómacha:** speicis éisc a imirceann idir an mhuir agus fionnuisce mar chuid dá saolré.
- (6) **lá iascaireachta:** aon lá féilire ar muir ina ndéantar gníomhaíocht iascaireachta, gan dochar d'oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus oibleagáidí idirnáisiúnta a Bhallstát. Is féidir le turas iascaireachta amháin rannchuidiú le suim na laethanta iascaireachta le haghaidh trealamh éighníomhacha a úsáidtear ar an turas sin agus le suim na laethanta iascaireachta le haghaidh trealamh ghníomhacha a úsáidtear ar an turas sin araon.
- (7) **meá:** aonad geografach ina ndéantar iascaireacht. Déanfar na haonaid a chomhaontú ar leibhéal an réigiúin mhuirí ar bhonn na limistéar atá ann cheana arna sainiú ag eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh nó ag comhlachtaí eolaíoch.
- (8) **cuid chabhlaigh:** grúpa soithí a bhfuil an aicme faid chéanna (LOA, fad foriomlán) agus an príomhthrealamh iascaireachta céanna acu le linn bliain féilire ar leith.
- (9) **soitheach neamhghníomhach:** soitheach nach raibh páirteach in oibríochtaí iascaireachta le linn bliain féilire ar leith.
- (10) **iascach:** grúpa gníomhaíochtaí iascaireachta ina ndírítear ar speiceas comhchosúil nó ar chluichreán speiceas comhchosúil, ina n-úsáidtear trealamh comhchosúil ⁽⁶⁾, le linn na tréimhse céanna den bhliain agus/nó laistigh den limistéar céanna, agus a bhfuil patrún saothraithe comhchosúil mar shaintréith acu.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gcomhbheartas iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (IO L 157, 20.6.2017, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

⁽⁶⁾ Mar a shonraítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011.

- (11) **suirbhé taighde ar muir:** gníomhaíochtaí a bhfuil i gceist leo faireachán a dhéanamh ar stoic éisc agus/nó ar acmhainní bitheolaíocha muirí agus ar an éiceachóras, ar gníomhaíochtaí iad a dhéantar ar shoitheach atá tiomnaithe do thaighde eolaíoch den sórt sin agus ar ainmnigh Ballstát é don chúram sin.

CAIBIDIL II

Modhanna bailithe sonraí agus ceanglais sonraí

1. Prionsabail ghinearálta

- 1.1. I gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2017/1004, forbróidh na Ballstáit pleananna oibre náisiúnta, ina sonrófar na sonraí atá le bailiú agus na modhanna bailithe sonraí.
- 1.2. Beidh na modhanna bailithe sonraí agus cáilíocht an bhailithe sonraí oiriúnach do na cuspóirí beartaithe a shainítear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Beidh na modhanna a chuirfear i bhfeidhm ag teacht le comhairle eolaíoch ábhartha agus le dea-chleachtais eolaíocha ábhartha. Féadfaidh na Ballstáit staidéir a dhéanamh chun modhanna bailithe sonraí a iniúchadh, a fhorbairt agus a thástáil a thuilleadh. Déanfaidh comhlachtaí eolaíocha neamhspleácha na modhanna agus cur i bhfeidhm na modhanna a mheasúnú ag eatraimh thráthrialta chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil siad oiriúnach do na cuspóirí atá beartaithe. Déanfaidh na Ballstáit an dóigh a bpleanáilann siad bailiú sonraí agus a gcuireann siad bailiú sonraí chun feidhme a oiriúnú i gcomhréir le torthaí na measúnuithe sin.
- 1.3. A mhéid a bhaineann leis na sonraí a shonraítear i bpointí 2, 3, 4 agus 5 thíos, déanfar sonraí arna dtuairisciú agus arna dtarchur faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, lena n-áirítear logleabhair, nótaí díolacháin agus sonraí suímh, amhail sonraí VMS, agus nithe eile nach iad, a chur ar fáil i bhfoirm phríomhúil do na hinstitiúidí náisiúnta a bhfuil pleananna oibre náisiúnta á gcur chun feidhme acu.
- 1.4. A mhéid a bhaineann leis na sonraí a shonraítear i bpointí 2, 3 agus 4 thíos, comhaontóidh na Ballstáit, ar leibhéal an réigiúin mhuirí, na sonraí atá le bailiú, bunaithe ar na riachtanais shainitheanta atá ag úsáideoirí deiridh sonraí eolaíocha (“riachtanais úsáideoirí deiridh”), lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, speicis, stoic, réigiúin, athróa, modheolaíocht agus minicíocht an bhailithe sonraí i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2017/1004. Leis na sonraí a bhaileofar ar an mbealach sin, cuirfear ar chumas do na húsáideoirí deiridh na measúnuithe riachtanacha a dhíorthú do gach cineál iascach ábhartha, tréimhsí ama agus limistéar. Más rud é nach féidir aon chomhordú réigiúnach a bhaint amach, bunóidh na Ballstáit modh bailithe sonraí náisiúnta ar bhealach atá bunaithe ar riachtanais úsáideoirí deiridh.
- 1.5. A mhéid a bhaineann leis na sonraí sóisialta agus eacnamaíocha a shonraítear i bpointí 5, 6 agus 7 thíos, beidh feidhm ag na sainmhínte dá dtagraítear sa Rialachán maidir le Staidreamh Gnó Eorpach (?). Déanfar sainmhínte breise ar athróa, ar strataim agus, i gcás inarb iomchuí, ar mhodheolaíocht bailithe a chomhordú i measc na mBallstát lena mbaineann.
- 1.6. Agus iad ag sonrú na sonraí atá le bailiú, tabharfaidh na Ballstáit aird ar na tairseacha a shocraítear i gCaibidil II den larscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1168 (*) ón gCoimisiún lena mbunaítear an liosta suirbhéanna taighde éigeantacha agus tairseach mar chuid de chlár ilbhliantúil an Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí in earnáil an iascaigh agus san earnáil do bharshaothraithe.
- 1.7. Tá na sonraí atá le bailiú roinnte ina dtacair, a shonraítear i bpointe 2 go pointe 7 den Chaibidil seo.

2. Sonraí bitheolaíocha faoi acmhainní bitheolaíocha saothraithe arna ngabháil ag iascaigh thráchtála agus áineasa an Aontais

2.1. A mhéid a bhaineann le hiascaigh thráchtála:

- a) cuimseoidh na sonraí cainníochtaí gabhála de réir speicis agus sonraí bitheolaíocha ó eiseamail aonair chun gur féidir minicíocht méide agus faid agus athróa bitheolaíocha amhail aois, gnéas, meáchan, aibíocht agus bisiúlacht aonair a mheas maidir le gach codán gabhála de réir speicis agus limistéar bainistíochta a liostaítear i dTábla 1. Maidir leis na sonraí a theastaíonn chun minicíocht méide agus faid a mheas, tuairisceofar iad ar an leibhéal comhiomlánaithe a theastaíonn ón úsáideoir deiridh ábhartha, trí úsáid a bhaint, i gcás inarb ábhartha as na cóid trealamh a liostaítear i dTábla 5;

(?) Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 327, 17.12.2019, lch. 1).

(*) Cinneadh Tarmilgthe (AE) 2021/1168 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2021 lena mbunaítear an creat ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha in earnáil an iascaigh agus san earnáil do bharshaothraithe ó 2022 (IO 253 ... 92).

b) ina theannta sin, baileofar na sonraí seo a leanas faoi speicis dhiadromacha a liostaítear i dTábla 3 a ghabhfar le linn na coda fionnuisce dá saolré, cibé bealach a dhéantar iascaigh den sórt sin:

- i. athróga a bhaineann le stoc a roghnóidh ag na Ballstáit ar an leibhéal réigiúnach, bunaithe ar riachtanais úsáideoirí deiridh,
- ii. cainníochtaí bliantúla gabhála le haghaidh bradán agus bric gheala,
- iii. cainníochtaí bliantúla gabhála de réir céim saoil le haghaidh eascann.

2.2. A mhéid a bhaineann le hiascaigh áineasa, cuirfidh na Ballstáit scéimeanna samplála ilspeicis atá láidir ó thaobh staidrimh de chun feidhme, ar scéimeanna iad lena gcumasaítear cainníochtaí gabhála a mheas le haghaidh stoc a chomhaontófar ar an leibhéal réigiúnach, i gcomhréir le riachtanais na n-úsáideoirí deiridh ábhartha. I gcás inarb amhlaidh nach ann do scéimeanna den sórt sin, baileoidh na Ballstáit sonraí lena gcumasaítear cainníochtaí gabhála a mheas le haghaidh na speiceas agus na limistéar a liostaítear i dTábla 4.

I gcás ina ndéanfaidh gabhálacha áineasa difear d'fhorbairt stoc éisc, déanfaidh na Ballstáit sampláil bhitheolaíoch i gcomhréir le riachtanais úsáideoirí deiridh, mar a chomhaontófar ar leibhéal an réigiúin mhuirí.

2.3. Ina theannta sin:

- a) i gcás bradán agus breac geal, baileofar sonraí faoi fhluirse na ngealóg agus na muóg agus faoin líon iasc aonair éiritheach in aibhneacha.
Sciataí agus roic	<i>Rajiformes</i>	Gach limistéar
Siorcanna domhainmhara	<i>Gach speiceas</i>	Gach limistéar

(¹) Ba cheart speicis mhórimirceacha de chineál tuinnín a liostaítear faoi ranna ICCAT agus IOTC a chur ar áireamh i bpleananna samplála i ngach limistéar ábhartha.

Tábla 2 (Tábla 1D roimhe seo)

Téacsanna agus comhlachtaí rialála atá ábhartha do na speicis a bhfuil faireachán le déanamh orthu faoi chláir chosanta san Aontas nó faoi oibleagáidí idirnáisiúnta

Gníomhartha tarmligthe AE

Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú ⁽¹⁾, gach speiceas muirí a liostaítear in Iarscríbhinní II, IV agus V.

Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú ⁽²⁾, gach éan uisce agus éan mara, lena n-áirítear speicis imirceacha.

Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) ⁽³⁾

Rialachán (CE) Uimh. 734/2008 ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le héiceachórais leochaileacha mhuirí ar an mórmhuir a chosaint ar éifeacht dhochrach gléasanna iascaireachta grinnill ⁽⁴⁾

Rialachán (AE) 2016/2336 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 lena mbunaítear coinníollacha sonracha maidir le stoic dhomhainfharraige a iascach san Atlantach Thoir Thuaidh agus forálacha maidir le hiascaireacht i bhfarraigí idirnáisiúnta an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002 ón gComhairle ⁽⁵⁾

Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistíochta i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 ⁽⁶⁾

Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar Coinbhinsiúin an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle ⁽⁷⁾

Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle ⁽⁸⁾

Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) Uimh. 1386/2007 ón gComhairle ⁽⁹⁾

Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiúin na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) ⁽¹⁰⁾

Coinbhinsiúin idirnáisiúnta

Coinbhinsiún Barcelona maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara ⁽¹¹⁾

Coinbhinsiún Osló-Pháras maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh ⁽¹²⁾

Coinbhinsiún Heilsincí maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht Limistéar Mhuir Bhailt ⁽¹³⁾

Eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh

An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (GFCM) ⁽¹⁴⁾

An Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT) ⁽¹⁵⁾

An Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC) ⁽¹⁶⁾

An Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha (IATTC) ⁽¹⁷⁾

Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) ⁽¹⁸⁾

An Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC) ⁽¹⁹⁾

An Coiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CECAF) ⁽²⁰⁾

An Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Láir Thiar (WECAFC) ⁽²¹⁾

Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas (SEAFO) ⁽²²⁾

Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) ⁽²³⁾

An Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) ⁽²⁴⁾

Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas ⁽²⁵⁾

An Coimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha (CCAMLR) ⁽²⁶⁾

⁽¹⁾ IO L 206, 22.7.1992, lch. 7.

⁽²⁾ IO L 20, 26.1.2010, lch. 7.

⁽³⁾ IO L 164, 25.6.2008, lch. 19.

⁽⁴⁾ IO L 201, 30.7.2008, lch. 8.

⁽⁵⁾ IO L 354, 23.12.2016, lch. 1.

⁽⁶⁾ IO L 409, 30.12.2006, lch. 11.

⁽⁷⁾ IO L 315, 30.11.2017, lch. 1.

⁽⁸⁾ IO L 198, 25.7.2019, lch. 105.

⁽⁹⁾ IO L 141, 28.5.2019, lch. 1.

⁽¹⁰⁾ IO L 179, 16.7.2018, lch. 30.

⁽¹¹⁾ <https://web.unep.org/unepmap/who-we-are/legal-framework>

⁽¹²⁾ <https://www.ospar.org/convention/text>

⁽¹³⁾ <http://www.helcom.fi/about-us/convention>

⁽¹⁴⁾ <http://www.fao.org/gfcm/activities/environment-and-conservation/en>

⁽¹⁵⁾ <https://www.iccat.int/en/bycatch.html>

⁽¹⁶⁾ <https://iotc.org/cmms>

⁽¹⁷⁾ <https://www.iattc.org/ResolutionsActiveENG.htm>

⁽¹⁸⁾ <https://www.nafo.int/Fisheries/Conservation>

⁽¹⁹⁾ <https://www.neafc.org/basictexts>

⁽²⁰⁾ <http://www.fao.org/fishery/rfb/cecaf>

⁽²¹⁾ <http://www.fao.org/fishery/rfb/wecafc/en>

⁽²²⁾ <http://www.seafo.org/Documents/Conservation-Measures>

⁽²³⁾ <https://www.wcpfc.int/conservation-and-management-measures>

⁽²⁴⁾ <https://www.sprfmo.int/measures>

⁽²⁵⁾ <https://www.apsoi.org/cmm>

⁽²⁶⁾ <https://www.ccamlr.org/en/conservation-and-management/conservation-and-management>

Tábla 3 (Tábla 1E roimhe seo)

Speicis dhiadromacha fionnuisce

Speiceas (ainm coitianta)	Speiceas (ainm eolaíoch)	Limistéir neamh-mhuirí ina bhfuil an stoc lonnaithe/cód stoic
Eascann Eorpach	<i>Anguilla anguilla</i>	Aonaid bhainistíochta eascann, mar a shainmhínítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾
Bradán	<i>Salmo salar</i>	Gach limistéar dáilte nádúrtha
Breac geal	<i>Salmo trutta</i>	Gach limistéar dáilte nádúrtha

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú (IO L 248, 22.9.2007, lch. 17).

Tábla 4 (Tábla 3 roimhe seo)

Speicis dá bhfuil sonraí le bailiú le haghaidh iascaigh áineasa

Limistéar	Speiceas
Muir Bhailt (foranna ICES 22-32)	Bradán, eascann agus breac geal (lena n-áirítear i bhfionnuisce), trosc
An Mhuir Thuaidh (limistéir ICES 3a, 4 agus 7d)	Bradán agus eascann (lena n-áirítear i bhfionnuisce), doingean mara, trosc, mangach, ealásmabrainciaigh
An tArtach Thoir (limistéir ICES 1 agus 2)	Bradán agus eascann (lena n-áirítear i bhfionnuisce), trosc, mangach, ealásmabrainciaigh
An tAtlantach Thuaidh (limistéir ICES 5-14 agus limistéir NAFO)	Bradán agus eascann (lena n-áirítear i bhfionnuisce), doingean mara, trosc, mangach, ealásmabrainciaigh, speicis mhórimirceacha ICCAT
An Mheánmhuir	Eascann (lena n-áirítear i bhfionnuisce), ealásmabrainciaigh, speicis mhórimirceacha ICCAT
An Mhuir Dhubh	Eascann (lena n-áirítear i bhfionnuisce), ealásmabrainciaigh, speicis mhórimirceacha ICCAT

Tábla 5 (Tábla 2 roimhe seo)

Gníomhaíocht iascaireachta (iascach)

Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Leibhéal 4	Leibhéal 5	Leibhéal 6	
Gníomhaíocht	Aicmí trealaimh	Grúpaí trealaimh	Cineál trealaimh	Spríoc-chluichreán ⁽¹⁾	Méid mogaill agus gairis roghnaitheacha eile	
Gníomhaíocht iascaireachta	Dreidirí	Dreidirí	Dreidire báid [DRB]	Speicis anadromacha (ANA) Speicis bheantacha (DES) Speicis chatadromacha (CAT)	De réir an chódaithe atá ann cheana i rialacháin ábhartha	
			Dreidire meicnithe/súite [DRM] [DRH]			
	Tráil	Tráil ghrinnill	Tráil ghrinnill	Trál grinnill otair [OTB]		Ceifileapóid (CEP)
				Trál dúbailte otair [OTT] [OTP]		Crústaigh (CRU)
				Tráil ghrinnill chloicheán [TBN]		Speicis ghrinnill
				Tráil ghrinnill séaclaí [TMS]		Speicis domhainuisce (DWS)
				Trál grinnill dhá bhád [PTB]		Éisc eite (FIF)
				Trál bíoma [TBB]		Speicis fionnuisce (FWS)
		Tráil pheiligeacha	Tráil pheiligeacha	Trál meánuisce otair [OTM]		Ilghnéitheach (MIS)
				Trál meánuisce dhá bhád [PTM]		Meascán de cheifileapóid agus de speicis ghrinnill (MCF)
				Tráil mheánuisce séaclaí [TMS]		Meascán de chrústaigh agus de speicis ghrinnill (MCD)
				Tráil leathpheiligeacha [TSP]		Meascán de speicis domhainuisce agus de speicis ghrinnill (MDD)
	Duáin agus doruithe	Slata agus doruithe	Slata agus doruithe	Doruithe láimhe agus cuaille [LHP] [LHM]		Meascán de speicis pheiligeacha agus de speicis ghrinnill (MPD)
				Doruithe trollála [LTL]		Moilisc (MOL)
				Doruithe ingearacha [LVT]		Éisc pheiligeacha mhóra (LPF)
		Spiléir	Spiléir	Spiléir ar fuaidreamh [LLD]		Éisc pheiligeacha bheaga (SPF)
				Spiléir ghrinnill [LLS]		
	Gaistí	Gaistí	Gaistí	Gaistí aerga [FAR]		
				Potaí agus gaistí [FPO]		
				Faidhclíonta [FYK]		
				Sáinneacha eangacha seasta gan chlúdach [FPN]		
				Eangacha stuála [FSN]		
				Suiteálacha seasta le haghaidh fála agus coraí [FWR]		
				Bacainní [FWR]		

Eangacha	Eangacha ardaithé	Eangacha ardaithé iniompartha [LNP]			
		Eangacha ardaithé bádoibrithe [LNB]			
		Eangacha ardaithé do-aistrithe ar chladach [LNS]			
	Trealamh titimeach	Eangacha caitheamh amach [FCN]			
		Potaí cumhdaigh/Eangacha laindéir [FCO]			
	Eangacha	Traimlí [GTR]			
		Eangacha geolbhaigh socraithe [GNS]			
		Srutheangacha geolbhaigh [GND]			
		Eangacha geolbhaigh agus traimlí in éineacht [GTN]			
		Eangacha geolbhaigh timpeallaithe [GNC]			
		Eangacha geolbhaigh seasta (ar chuaillí) [GNF]			
	Saighní	Eangacha timpeallaithe			Peaslíon saighne [PS]
					Eangacha lampara [LA]
Saighní ^(?)		Eangach shaighne Albanach [SSC]			
		Saighean ar ancaire [SDN]			
		Saighean dhá bhád [SPR]			
		Saighean trá agus báid [SB] [SV]			
Iascaigh chladaigh ar mhionscála	Iascaigh chladaigh ar mhionscála	Tumadóireacht [DIV]			
		Iascaireacht de shiúl na gcos [FOO]			
		Eangacha ardaithé [LN]			
Trealamh eile	Trealamh eile	Iascaireacht eascann gloine [GES]	Eascann ghloine		
		Trealamh bainte feamainne [HMS]	Feamainn (SWD)		
Ilghnéitheach	Ilghnéitheach (sonraigh)				

Gníomhaíocht seachas iascaireacht

Neamhghníomhach

⁽¹⁾ De réir an chódaithe atá ann cheana i rialacháin ábhartha.

⁽²⁾ Tá idirdhealú le déanamh idir peaslíonta saighní a úsáidtear i ngairis um chomhbhailiú éisc (FADanna) agus iad sin a úsáidtear i scoileanna saora le haghaidh tuinníní teochreasacha.

Tábla 6 (Tábla 4 roimhe seo)

Athróga gníomhaíochta iascaireachta

Athróga ⁽¹⁾	Aonad
Uiscí muirí	
Acmhainn	
Líon soithí	Líon
Olltonnáiste, kW, Aois soithigh	Líon
Iarracht	
Laethanta ar muir	Laethanta
Uaireanta a caitheadh ag iascaireacht (roghnach)	Uaireanta
Laethanta iascaireachta ⁽²⁾	Laethanta
kW * Laethanta ar muir ⁽³⁾	Líon
Olltonnáiste * Laethanta ar muir ⁽⁴⁾	Líon
kW * Laethanta iascaireachta ⁽⁵⁾	Líon
Olltonnáiste * Laethanta iascaireachta ⁽⁶⁾	Líon
Líon turas ⁽⁷⁾	Líon
Líon oibríochtaí iascaireachta	Líon
Fad eangach (m) * am san uisce (laethanta)	Méadair-laethanta
Líon eangach/fad ⁽⁸⁾	Líon/méadair
Líon duán, líon doruithe ⁽⁹⁾	Líon
Líon potaí, gaistí ⁽¹⁰⁾	Líon
Líon gaireas um chomhbhailiú éisc/baoithe	Líon
Líon soithí tacaíochta	Líon
Gabhálacha	
Luach gabhálacha, san iomlán agus de réir speiceas tráchtála	Euro
Meáchan beo gabhálacha, san iomlán agus de réir speicis ⁽¹¹⁾	Tonaí
Meánphraghas in aghaidh an speicis	Euro/kg
Uiscí intíre (eascann)	
Acmhainn	
Líon ceadúnas	Líon
Iarracht	
Laethanta iascaireachta ⁽¹²⁾	Líon
Líon turas ⁽¹³⁾	Líon

Gabhálacha

Meáchan beo gabhálacha, san iomlán agus de réir céim saoil ⁽¹⁴⁾	kg
(1) Gach athróg atá le tuairisciú ar an leibhéal comhiomlánaithe (iascaigh agus cuid chabhlaigh) a shonraítear i dTábla 5 agus i dTábla 8, agus de réir foréigiúin/meá mar a shonraítear i dTábla 2 de Chaibidil III san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1168 ón gCoimisiún. Úsáidfeadh líonta sonracha oibríochtaí agus/nó eilimintí trealamh le haghaidh trealamh iomchuí.	
(2) Taifeadfar sonraí de réir cineál trealamh iascaireachta (Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach Staidrimh FAO ar Threalamh Iascaireachta) agus de réir aonad bainistíochta eascann mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007.	
(3) kW*Laethanta ar muir; kW*Laethanta iascaireachta – ar ar úsáideadh trealamh gníomhach amháin.	
(4) Olltonnáiste*Laethanta ar muir; Olltonnáiste*Laethanta iascaireachta – ar ar úsáideadh trealamh éighníomhach amháin.	
(5) kW*Laethanta ar muir; kW*Laethanta iascaireachta – ar ar úsáideadh trealamh gníomhach amháin.	
(6) Olltonnáiste*Laethanta ar muir; Olltonnáiste*Laethanta iascaireachta – ar ar úsáideadh trealamh éighníomhach amháin.	
(7) Taifeadfar sonraí de réir cineál trealamh iascaireachta (Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach Staidrimh FAO ar Threalamh Iascaireachta) agus de réir aonad bainistíochta eascann mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007.	
(8) Tá bailiú na n-athróg seo le haghaidh soithí ar lú iad ná 10 méadar le comhaontú ar leibhéal an réigiúin mhuirí.	
(9) Tá bailiú na n-athróg seo le haghaidh soithí ar lú iad ná 10 méadar le comhaontú ar leibhéal an réigiúin mhuirí.	
(10) Tá bailiú na n-athróg seo le haghaidh soithí ar lú iad ná 10 méadar le comhaontú ar leibhéal an réigiúin mhuirí.	
(11) I gcás speiceas áirithe (bradán, tuinnín), ba cheart an líon eiseamal a úsáid nuair is iomchuí.	
(12) Taifeadfar sonraí de réir cineál trealamh iascaireachta (Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach Staidrimh FAO ar Threalamh Iascaireachta) agus de réir aonad bainistíochta eascann mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007.	
(13) Taifeadfar sonraí de réir cineál trealamh iascaireachta (Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach Staidrimh FAO ar Threalamh Iascaireachta) agus de réir aonad bainistíochta eascann mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007.	
(14) Taifeadfar sonraí de réir cineál trealamh iascaireachta (Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach Staidrimh FAO ar Threalamh Iascaireachta) agus de réir aonad bainistíochta eascann mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007.	

Tábla 7 (Tábla 5A roimhe seo)

Athróga eacnamaíocha cabhlaigh

Grúpa athróige	Athróg	Aonad
Ioncam	Oll-luach gabhálacha	Euro
	Ioncam ó chuótaí nó cearta eile iascaireachta a ligean ar léas	Euro
	Fordheontais oibriúcháin	Euro
	Fóirdheontais ar infheistíochtaí	Euro
	Ioncam eile	Euro
Costais oibriúcháin	Costais phearsanra	Euro
	Luach saothair neamhíochta	Euro
	Costais fuinnimh	Euro
	Costais deisiúcháin agus chothabhála	Euro
	Costais athraitheacha eile	Euro
	Costais neamhathraitheacha eile	Euro
	Íocaíochtaí léasa/cíosa le haghaidh cuótaí nó cearta eile iascaireachta	Euro
Costais chaipitil	Úsáid caipitil sheasta	Euro
Infheistíochtaí (sreabh)	Infheistíochtaí i sócmhainní inlámhsithe (glancheannach sócmhainní)	Euro
Staid airgeadais (sócmhainní agus dlíteanais)	Iomlán na sócmhainní	Euro
	Luach caipitil fhisiciúil	Euro
	Luach cuótaí agus ceart eile iascaireachta	Euro
	Ollfhiachas	Euro
Fostaíocht	Saothar íochta	Líon
	Saothar neamhíochta	Líon
	Coibhéis lánaimseartha (FTE)	Líon
	An líon iomlán uaireanta arna n-oibriú gach bliain (roghnach)	Líon
Cabhlach	Líon soithí	Líon
	Meánfhad foriomlán soithí	Méadair
	Tonnáiste iomlán soithigh	Olltonnáiste
	Cumhacht iomlán soithigh	kW
	Meánaois soithí	Blianta
Iarracht	Laethanta ar muir	Laethanta
	Tomhaltas fuinnimh	Lítir
Líon fiontar/aonad iascaireachta	Líon fiontar/aonad iascaireachta	Líon

Tábla 8 (Tábla 5B roimhe seo)

Deighilt cabhlaigh

Soithí gníomhacha ⁽²⁾		Aicmí faid (fad foriomlán) ⁽¹⁾					
		0 - < 6/8/10 m	6/8/10 - < 12 m	12 - < 18 m	18 - < 24 m	24 - < 40 m	40 m nó níos mó
Trealaimh “ghníomhacha” a úsáid	Trálaeir bhíoma						
	Trálaeir ghrinnill agus/nó báid saighne ghrinnill						
	Trálaeir pheiligeacha						
	Soithí peas-saighne						
	Dreidirí						
	Soithí a úsáideann trealaimh ghníomhacha eile						
	Soithí a úsáideann trealaimh ilfhiúsacha “ghníomhacha” amháin						
Trealaimh “éighníomhacha” a úsáid	Trealaimh a úsáideann duáin	⁽³⁾	⁽⁴⁾				
	Sruthbháid eangach agus/nó báid eangach sheasta						
	Soithí a úsáideann potaí agus/nó gaistí						
	Soithí a úsáideann trealaimh éighníomhacha eile						
	Soithí a úsáideann trealaimh ilfhiúsacha “éighníomhacha” amháin						
Trealaimh ilfhiúsacha a úsáid	Soithí a úsáideann trealaimh ghníomhacha agus trealaimh éighníomhacha						
Soithí neamhghníomhacha							

⁽¹⁾ I gcás soithí ar lú iad ná 12 m sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, is iad 0-< 6, 6-< 12 m na catagóirí faid. I gcás soithí ar lú iad ná 12 m i Muir Bhailt, is iad 0-< 8, 8-< 12 m na catagóirí faid. I gcás gach réigiúin eile, sainítear na catagóirí faid mar 0-< 10, 10-< 12 m.

⁽²⁾ Tá na critéir cheannais le húsáid chun gach soitheach a leithdháileadh ar chuid chabhlaigh, bunaithe ar an líon laethanta iascaireachta ar a n-úsáidtear gach trealamh. Má úsáidtear trealamh iascaireachta amháin níos minice ná suim an trealaimh ar fad eile (i.e. caitheann soitheach níos mó ná 50 % dá am iascaireachta ag úsáid an trealaimh sin), leithdháilfear an soitheach ar an gcuid chabhlaigh sin. Mura n-úsáidtear, leithdháilfear an soitheach ar an gcuid chabhlaigh seo a leanas: (a) ‘Soithí a úsáideann trealaimh ilfhiúsacha “ghníomhacha amháin” mura n-úsáideann an soitheach ach trealaimh ghníomhacha; (b) ‘Soithí a úsáideann trealaimh ilfhiúsacha ‘éighníomhacha’ amháin”, mura n-úsáideann an soitheach ach trealaimh éighníomhacha; (c) ‘Soithí a úsáideann trealaimh ghníomhacha agus trealaimh éighníomhacha’.

⁽³⁾ Féadfar soithí ar lú iad ná 12 mhéadar agus a úsáideann trealaimh éighníomhacha sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh a dhí-chomhiomlánú de réir cineál trealaimh. Áirítear leis an sainmhíniú ar chuid chabhlaigh freisin léiriú ar an bhfor-réigiún agus, má tá sé ar fáil, táscaire geografach chun sainithint a dhéanamh ar shoithí a dhéanann iascaireacht sna réigiúin is forimeallaí agus go heisiach lasmuigh d’uisic an Aontais Eorpaigh.

⁽⁴⁾ Féadfar soithí ar lú iad ná 12 mhéadar agus a úsáideann trealaimh éighníomhacha sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh a dhí-chomhiomlánú de réir cineál trealaimh. Áireofar leis an sainmhíniú ar chuid chabhlaigh freisin léiriú ar an bhfor-réigiún agus, más rud é go mbeidh sé ar fáil, táscaire geografach chun sainithint a dhéanamh ar shoithí a dhéanann iascaireacht sna réigiúin is forimeallaí agus go heisiach lasmuigh d’uisic an Aontais Eorpaigh.

Tábla 9 (Tábla 6 roimhe seo)

Athróga sóisialta le haghaidh na n-earnálacha iascaireachta agus do Bharshaothraithe

Athróg	Aonad
Fostaíocht de réir inscne	Líon
Coibhéisí lánaimseartha de réir inscne	Líon
Saothar neamhíoctha de réir inscne	Líon
Fostaíocht de réir aoise	Líon
Fostaíocht de réir leibhéal oideachais	Líon
Fostaíocht de réir náisiúntachta	Líon
Fostaíocht de réir stádas fostaíochta	Líon

Tábla 10 (Tábla 7 roimhe seo)

Athróga eacnamaíocha san earnáil dobharshaothraithe

Grúpa athróige	Athróg	Aonad
Ioncam	Olldíolacháin in aghaidh an speicis	Euro
	Fordheontais oibriúcháin	Euro
	Fóirdheontais ar infheistíochtaí	Euro
	Ioncam eile	Euro
Costais oibriúcháin	Costais phearsanra	Euro
	Luach saothair neamhíoctha	Euro
	Costais fuinnimh	Euro
	Amhábhair: costais bheostoic	Euro
	Amhábhair: costais bheatha	Euro
	Deisiú agus cothabháil	Euro
	Costais oibriúcháin eile	Euro
Costais chaipitil	Úsáid caipitil sheasta	Euro
Infheistíochtaí (sreabh)	Infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe (glancheannach sócmhainní)	Euro
Staid airgeadais (sócmhainní agus dlíteanais)	Luach iomlán sócmhainní	Euro
	Ollfhiachas	Euro
Torthaí airgeadais	Ioncam airgeadais	Euro
	Caiteachas airgeadais	Euro
Meáchan amhábhair	Beostoc arna úsáid	kg
	Beatha éisc arna húsáid	kg
Meáchan díolachán	Meáchan díolachán in aghaidh an speicis	kg
Fostaíocht	Saothar íoctha	Líon
	Saothar neamhíoctha	Líon
	Coibhéis lánaimseartha (FTE)	Líon
	An líon uaireanta arna n-oibriú ag fostaithe agus an líon oibríthe neamhíoctha (roghnach)	Uaireanta
An líon fiontar	An líon fiontar de réir catagóir mhéide	Líon

Tábla 11 (Tábla 9 roimhe seo)

An deighilt atá le cur i bhfeidhm le haghaidh sonraí do bharshaothraithe a bhailiú ⁽¹⁷⁾

	Teicnící feirmeoireachta éisc ⁽¹⁾						Ilsao-thrú críche	Gor-lanna agus iasclanna ⁽²⁾	Teicnící feirmeoireachta sliogéisc				
	Limte	Umair agus rásbhealaí	Imfháluithe agus pionnaí ⁽³⁾	Córais athshruthúcháin ⁽⁴⁾	Modhanna eile	Cásanna ⁽⁵⁾			Gach modh		Os cionn an ghrinnill		Eile
									Raftaí	Spi-léar	Ar an ngrinneall ⁽⁶⁾		
Bradán													
Breac													
Doingean mara agus garbhánach													
Carbán													
Tuinnín													
Eascann													
Bradán fearna (uibheacha lena gcaitheamh ag an duine)													
Iasc fionnuisce eile													
Iasc muirí eile													
Diúilicín													
Oisre													
Breallach													
Crústaigh													
Moilisc eile													
Ilspeiceas													
Macralgaí													
Miocralgaí													
Orgánaigh uisceacha eile													

⁽¹⁷⁾ Le haghaidh sainmhínte ar theicnící feirmeoireachta, féach Rialachán (CE) Uimh. 762/2008.

-
- (¹) Ba cheart fiontair a dheighilt de réir a bpríomhtheicnící feirmeoireachta.
- (²) Sainmhíneáir gorranna agus iasclanna mar áiteanna le haghaidh ainmhithe uisceacha a phóru go saorga, a ghoradh agus a thógáil le linn na chéad chéime dá saol. Chun críocha staidrimh, tá gorranna teoranta d'uibheacha toirchithe a tháirgeadh. Meastar gur in iasclanna a tháirgtear ainmhithe uisceacha atá sna luathchéimeanna eile. I gcás ina bhfuil gorranna agus iasclanna bainteach go dlúth lena chéile, níor cheart tagairt a dhéanamh sa staidreamh ach amháin don luathchéim is déanaí a tháirgtear (Rialachán (CE) Uimh. 762/2008).
- (³) Sainmhíneáir imfháluithe agus pionnaí mar limistéir uisce atá faoi theorainn ag eangacha, mogall agus bacainní eile lena n-éascaítear idirmhalartú neamhrialaithe uisce agus a bhfuil mar shaintréith acu an fíoras go n-áitíonn imfháluithe an colún uisce ar fad idir an fhoshraith agus an dromchla; tríd is tríd, imfhálaítear méid uisce réasúnta mór le pionnaí agus le himfháluithe (Rialachán (CE) Uimh. 762/2008).
- (⁴) Ciallaíonn córais athshruthúcháin córais ina n-athúsáidtear an t-uisce tar éis cineál éigean cóireála (e.g. scagadh).
- (⁵) Sainmhíneáir cásanna mar struchtúir iata atá ar oscailt nó faoi chumhdach agus atá déanta d'eangach, de mhogall nó d'aon ábhar scagach lena n-éascaítear idirmhalartú nádúrtha uisce. Cé gur féidir go bhfuil na struchtúir sin ar snámh, ar crochadh nó daingnithe den fhoshraith, éascaítear leo go fóill idirmhalartú uisce faoina mbun (Rialachán (CE) Uimh. 762/2008).
- (⁶) Cumhdaíonn teicnící "ar an ngrinneall" feirmeoireacht sliogéisc i limistéir idirthaoideacha (díreach ar an talamh nó ardaithe).
-

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1168 ÓN gCOIMISIÚN
an 27 Aibreán 2021

lena mbunaítear liosta na suirbhéanna taighde sainordaitheacha ar muir agus na dtairseacha sainordaitheacha mar chuid de chlár ilbhliantúil an Aontais maidir le bailiú agus bainistiú na sonraí in earnálacha an iascaigh agus an dogharshaothraithe ó 2022

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe an chéad fhomhír agus an tríú fhomhír d'Airteagal 4(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Faoi Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, tá de cheanglas ar na Ballstáit sonraí bitheolaíoch, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíoch a bhailiú, sonraí atá riachtanach le haghaidh bainistiú iascaigh.
- (2) Faoi Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2017/1004, tá sé de cheanglas ar an gCoimisiún clár ilbhliantúil de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh bhailiú, bhainistiú agus úsáid na sonraí in earnáil an iascaigh (Plean Ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh).
- (3) Tá gá le Plean Ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh chun go mbeidh na Ballstáit in ann a ngníomhaíochtaí bailithe sonraí a shonrú agus a phleanáil mar chuid dá bpleananna oibre náisiúnta. Leagtar amach ann liosta mionsonraithe de cheanglais sonraí maidir le bailiú agus bainistiú na sonraí bitheolaíoch, comhshaoil agus socheacnamaíoch, liostaítear suirbhéanna sainordaitheacha ar muir agus leagtar amach na tairseacha maidir le bailiú sonraí. Le Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/910 ón gCoimisiún ⁽³⁾ agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/909 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, glacadh Plean Ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2020-2021. Rachaidh an dá chinneadh in éag an 31 Nollaig 2021.
- (4) Bunaítear leis an gCinneadh sin, dá bhrí sin, liosta na suirbhéanna taighde sainordaitheacha ar muir agus na tairseacha ar faoina mbun nach bhfuil sé sainordaitheach do na Ballstáit sonraí a bhailiú faoina ngníomhaíochtaí iascaireachta agus dogharshaothraithe nó suirbhéanna ar muir a dhéanamh, dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2017/1004 ón 1 Eanáir 2022. Leagtar síos leis freisin limistéir na réigiún muirí chun críoch bailithe sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(11) de Rialachán (AE) 2017/1004.
- (5) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na grúpaí ábhartha um chomhordú réigiúnach agus leis an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2017/1004.
- (6) Léifead an cinneadh seo i gcomhar le Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1167 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾ lena n-aisghairtear Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/910 agus lena leagtar síos socrúithe mionsonraithe maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíoch, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíoch ag na Ballstáit, dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1004, ón 1 Eanáir 2022.

⁽¹⁾ IO L 157, 20.6.2017, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

⁽³⁾ Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/910 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 lena mbunaítear clár ilbhliantúil an Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíoch, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíoch in earnálacha an iascaigh agus an dogharshaothraithe (IO L 145, 4.6.2019, lch. 27).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/909 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2019 lena mbunaítear liosta na suirbhéanna taighde sainordaitheacha agus na tairseacha chun críoch clár ilbhliantúil an Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí in earnálacha an iascaigh agus an dogharshaothraithe (IO L 145, 4.6.2019, lch. 21).

⁽⁵⁾ Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1167 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2021 lena mbunaítear an creat ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíoch, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíoch in earnáil an iascaigh agus san earnáil dogharshaothraithe ó 2022 (Féach leathanach 51 den Iris Oifigiúil seo).

- (7) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/909 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2022.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Bainistíochta um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, leagtar amach liosta na suirbhéanna taighde sainordaitheacha ar muir, sainmhínithe na limistéar geografach is infheidhme maidir le bailiú sonraí iascaigh an Aontais, agus na tairseacha ar faoina mbun nach bhfuil sé sainordaitheach do na Ballstáit sonraí a bhailiú faoina ngníomhaíochtaí iascaireachta agus do bharshaothraithe nó suirbhéanna ar muir ó 2022. I dtaca le liosta na suirbhéanna agus na dtairseacha, is cuid de chlár ilbhliantúil an Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí in earnáil an iascaigh iad, dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2017/1004.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/909.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

CAIBIDIL I

Suirbhéanna taighde ar muir

1. Déanfar na suirbhéanna taighde ar muir a liostaítear i dtábla 1 thíos, ar a laghad, ach amháin má chinntear le hathbhreithniú eolaíoch ar shuirbhéanna nach bhfuil ceann amháin nó níos mó de na suirbhéanna sin iomchuí a thuilleadh chun eolas a chur ar fáil faoi stocmheasúnú agus bainistiú iascach. Is féidir suirbhéanna nua a chur leis an tábla ar bhonn na gcritéar céanna sin.

Sna pleananna oibre náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ⁽¹⁾, leagfaidh na Ballstáit amach na suirbhéanna taighde ar muir atá le déanamh agus beidh siad freagrach as na suirbhéanna sin.

Le pleananna oibre náisiúnta na mBallstát nó le pleananna oibre réigiúnacha na mBallstát i gcás inarb infheidhme, áireofar go mbeidh leanúnachas ann le dearáí suirbhéanna roimhe seo.

2. Níl sé sainordaitheach do na Ballstáit a bheith rannpháirteach (go fisiceach nó ar bhonn airgeadais) i suirbhéanna taighde ar muir a bhaineann le speiceas amháin i gcás:
- (a) inar lú ná 3 % de sciar an Bhallstáit sin de ghabháil iomlán incheadaithe an Aontais (TAC) maidir leis an bpríomhspeiceas (mar a liostaítear sa tábla) ach amháin má aontaítear ar leibhéal an réigiúin mhuirí ar thairseach eile atá suas le 5 %; nó
- (b) i gcás nach bhfuil aon socrú TAC ann, inar lú ná 3 % sciar an Bhallstáit sin de ghabhálacha iomlána an Aontais arna dtabhairt i dtír sna 3 bliana roimhe sin ach amháin má aontaítear, ar leibhéal an réigiúin mhuirí, ar thairseach eile atá suas go 5 %.
3. Le haghaidh suirbhéanna ar ilspeiceas nó éiceachórais, is féidir na tairseacha a shocrú ar leibhéal an réigiúin mhuirí.
4. Ballstáit a rannchuidíonn le suirbhéanna taighde idirnáisiúnta, déanfaidh siad a gcuid iarrachtaí a chomhordú laistigh den réigiún mhuirí céanna.

Tábla 1

Suirbhéanna taighde ar muir

Ainm an tsuirbhé	Acraim	Limistéar/ limistéir	Príomhspeicis a bhfuiltear ag díriú orthu	Rialachas an ghrúpa um chomhordú réigiúnach (RCG)
Muir Bhailt (limistéir ICES 3aS, 3b-d)				
<i>Baltic International Trawl Survey</i> [Suirbhé Tráil Idirnáisiúnta sa Mhuir Bhailt]	BITS_Q1	3aS, 3b-d	BLL COD DAB FLE HER PLE TUR	RCG maidir leis an Muir Bhailt
<i>Baltic International Trawl Survey</i> [Suirbhé Tráil Idirnáisiúnta sa Mhuir Bhailt]	BITS_Q4	3aS, 3b-d	BLL COD DAB FLE HER PLE TUR	
<i>Baltic International Acoustic Survey</i> [Fuaimshuirbhé Idirnáisiúnta sa Mhuir Bhailt] (fómhar)	BIAS	3a, 3b-d	HER SPR	
<i>Gulf of Riga Acoustic Herring Survey</i> [Fuaimshuirbhé Scadáin sa Mhurascaill Ríge]	GRAHS	3d	HER	
<i>Sprat Acoustic Survey</i> [Fuaimshuirbhé Saláin]	SPRAS	3d	SPR	
<i>Rügen Herring Larvae Survey</i> [Suirbhé ar Larbhaí Scadáin Rügen]	RHLS_DEU	3d	HER	
<i>Fehmarn Juvenile Cod Survey</i> [Suirbhé ar Throsoc Fehmarn Óg]	FEJUCS	3c SD22	COD	

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2328/2003, (CE) Uimh. 861/2006, (CE) Uimh. 1198/2006 agus (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

An Mhuir Thuaidh agus an tArtach Thoir (limistéir ICES 1, 2, 3a, 4, 7d)

<i>Kattegat Cod Survey</i> [Suirbhé ar Throsoc Kattegat]	CODS_Q4	3a	COD	RCG maidir leis an Muir Thuaidh agus an tArtach Thoir
<i>International Bottom Trawl Survey</i> [Suirbhé Idirnáisiúnta Tráil Grinnill]	IBTS_Q1	3a, 4	COD FLE GUG HAD HER NOP PLE RJC RJM RJN RJR SPR SYC TUR WHG WIT	
<i>International Bottom Trawl Survey</i> [Suirbhé Idirnáisiúnta Tráil Grinnill]	IBTS_Q3	3a, 4	COD HAD HER NOP PLE POK RJC RJH RJM RJN RJR SPR SYC TUR WHG WIT	
<i>North Sea Beam Trawl Survey</i> [Suirbhé Tráil Bhíoma sa Mhuir Thuaidh]	BTS	4b, 4c, 7d	DAB PLE RJC RJE RJM SDV SOL SYC SYT TUR	
<i>Demersal Young Fish Survey</i> [Suirbhé ar Éisc Óga Ghrinnill]	DYFS	Cóstaí na Mara Thuaidh	SOL	
<i>Sole Net Survey</i> [Suirbhé Eangaigh ar Shóil]	SNS_NLD	4b, 4c	SOL TUR	
<i>North Sea Sandeels Survey</i> [Suirbhé ar Chorra Gainimh sa Mhuir Thuaidh]	NSSS	4a, 4b	SAN	
<i>International Ecosystem Survey in the Nordic Seas</i> [Suirbhé Idirnáisiúnta ar Éiceachórais sna Farraigí Nordacha]	ASH	2a	HER	
<i>Mackerel Egg Survey</i> [Suirbhé ar Uibheacha Ronnagh] (tríbhliantúil)	NSMEGS	4	MAC	
<i>Herring Larvae Survey</i> [Suirbhé ar Larbhaí Scadáin]	IHLS	4, 7d	HER	
<i>NS Herring Acoustic Survey</i> [Fuaimshuirbhé ar Larbhaí Scadáin sa Mhuir Thuaidh]	NHAS	3a, 4, 6a	HER SPR	
<i>Nephrops UWTV survey</i> [Suirbhé UWTV ar Chloicheáin]	UWTV3-4, UWTV6, UWTV7, UWTV8, UWTV9	3a, 4a, 4b	NEP	

An tAtlantach Thuaidh (limistéir ICES 5-14 agus limistéir NAFO)

<i>International Redfish Trawl and Acoustic Survey</i> [Suirbhé Tráil agus Fuaimshuirbhé Idirnáisiúnta ar Phéirsí Mara] (tríbhliantúil)	REDTAS	5a, 12, 14; NAFO SA 1-3	REB	RCG maidir leis an Muir Thuaidh agus an tArtach Thoir
<i>Flemish Cap Groundfish Survey</i> [Suirbhé ar Éisc Ghrinnill <i>Flemish Cap</i>]	FCGS	3M	AME COD GRE NOR RED ROU SHO	
<i>Greenland Groundfish Survey</i> [Suirbhé ar Éisc Ghrinnill sa Ghraonlainn]	GGS	14, NAFO SA1	COD RED REG	
<i>3LNO Groundfish Survey</i> [Suirbhé ar Éisc Ghrinnill]	PLATUX-A_ESP	NAFO 3LNO	AME COD GRE NOR RED ROU THO WHI WIT YEL	
<i>Western IBTS</i> [IBTS Thiar] An ceathrú ráithe (lena n-áirítear suirbhé <i>Porcupine</i>)	IBTS_Q4	6a, 7, 8, 9a	OCT MON ANK ANF BOC BSS COD CTL DGS GAG GFB HAD HER HKE HOM LDB MAC MEG LEZ LDB NEP PLE RJC RJM RJN RNG SDV SHO SQZ SYC WHG	RCG maidir leis an Atlantach Thuaidh
<i>Western IBTS</i> [IBTS Thiar] An chéad ráithe	IBTS_Q1	6a, 7a	OCT COD CTL HAD HER HOM LEZ MAC NEP PLE RJC RJM RJN SDV SHO SYC WHG	
ISBCBTS Meán Fómhair	ISBCBTS	7afg	PLE RJC RJE RJH RJM SDV SOL SYC	
<i>Western Channel Beam Trawl Survey</i> [Suirbhé Tráil Bhíoma i Muir nIocht Thiar]	SWE-COS_GBE	7efgh	RJB RJC RJE RJH RJM SDV SOL SYC	

<i>Blue Whiting Survey</i> [Suirbhé ar Fhaoitíní Gorma]	IBWSS	6, 7	WHB	
<i>International Mackerel and Horse Mackerel Egg Survey</i> [Suirbhé Idirnáisiúnta ar Uibheacha Ronnaigh agus Bolmáin] (tríbhliantúil)	MEGS	6, 7, 8, 9a	HOM MAC	
<i>Sardine, Anchovy Horse Mackerel Acoustic Survey</i> [Fuaimshuirbhé ar Shairdíní, Ainseabhaithe agus Bolmáin]	SAHMAS	8, 9	ANE BOC HOM PIL	
<i>Sardine DEPM</i> [DEPM ar Shairdíní] (tríbhliantúil)	SDEPM	8c, 9a	HOM PIL	
<i>Spawning/Pre-spawning Herring/Boarfish Acoustic Survey</i> [Fuaimshuirbhé ar Sceite/Réamhsceite Scadán/Torciasc]	WESPA-S_IRL	6a, 7a-g	BOC HER	
<i>Biomass of Anchovy</i> [Bithmhais na nAinseabhaithe]	BIOMAN	8	ANE PIL	
<i>Nephrops UWTV survey</i> [Suirbhé UWTV ar Chloicheáin]	UWT-V11-13, UWTV14, UWTV15, UWT-V16-17, UWTV19, UWT-V20-22, UWTV30	6a, 7a, 7b, 7ghj, 9a	NEP LDB GFB SHO	
<i>Nephrops Survey Offshore Portugal</i> [Suirbhé ar Chloicheáin Amach ó Chósta na Portaingéile] (FU 28-29)	NepS	9a	NEP	
<i>Celtic Sea Herring Acoustic Survey</i> [Fuaimshuirbhé ar Scadáin sna Farraigí Ceilteacha]	CSHAS_IRL	6a, 7gj	HER	
<i>Acoustic Survey on Sardine and Anchovy</i> [Fuaimshuirbhé ar Shairdíní agus Ainseabhaithe]	ECOCADI-Z_ESP	9a	ANE	
<i>Swept Area Trawl Survey for Mackerel</i> [Suirbhé Tráil ar Achar Scuabtha le haghaidh Ronnach]	IESSNS	2, 3aN, 4, 5, 14	MAC HER WHB	
<i>Acoustic Survey for Juvenile Anchovy in the Bay of Biscay</i> [Fuaimshuirbhé le haghaidh Ainseabhaithe Óga i mBá na Bioscáine]	JUVE-NA_ESP	8a-d	ANE	
<i>Bay of Biscay Demersal Resources Survey</i> [Suirbhé ar Acmhainní Grinnill i mBá na Bioscáine]	ORHA-GO_Q4_-FRA	8ab	SOL	
<i>Deepwater Longline Survey</i> [Suirbhé Spiléir Domhainmhara]	PAL-PRO_ESP	8c	GFB	
<i>Irish Anglerfish and Megrim Survey</i> [Suirbhé ar Láimhínigh agus Scoilteáin Éireannacha]	IAMS_IRL	6a, 7	MON ANK ANF MEG LEZ LDB	
<i>Anglerfish and Megrim Survey</i> [Suirbhé ar Láimhínigh agus Scoilteáin] (suirbhé tionscail-eolaíochta)	SIA-MISS_GBS	4a, 4b, 6a, 6b	ANF LEZ	
<i>Western Channel Celtic Sea Pelagic Survey</i> [Suirbhé Peiligeach i Muir nIocht Thiar agus sna Farraigí Ceilteacha]	PELTIC	7de	PIL ANE SPR	
<i>Herring Acoustic Survey</i> [Fuaimshuirbhé Scadáin]	ISAS	7a	HER	
An Mheánmhuir agus an Mhuir Dhubh				
<i>Pan-Mediterranean Acoustic Survey</i> [Fuaimshuirbhé Uile-Mheánmhara]	MEDIAS	FLG 1, 6, 7, 9, 10, 15, 16, 17, 18, 20, 22	ANE PIL	RCG maidir leis an Meánmhuir agus an
<i>Bottom Trawl Survey in Black Sea</i> [Suirbhé Tráil Grinnill sa Mhuir Dhubh]	BTSBS	FLG 29	DGS TUR WHG	

<i>Pelagic Trawl Survey in Black Sea</i> [Suirbhé Tráil Peiligeach sa Mhuir Dhubh]	PTSBS	FLG 29	SPR	Mhuir Dhubh
<i>International Bottom Trawl Survey in the Mediterranean</i> [Suirbhé Tráil Grinnill Idirnáisiúnta sa Mheánmhuir]	MEDITS	FLG 1, 2, 3, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 15, 16, 17, 18, 19, 20, 22, 23, 25	de réir an liosta spriocspeiceas ó lámhleabhar ábhartha MEDITS	
<i>Beam Trawl Survey</i> [Suirbhé Tráil Bhíoma] (FLG 17)	SOLEMON	FLG 17	CTC MTS SOL	
<i>Bluefin Tuna Larval Survey</i> [Suirbhé ar Larbhaigh Tuinnín Ghoirm]	TUNIBAL	FLG 5, 6 (An Mhuir Bhailéarach)	ALB BFT	RCG maidir le limistéir pheiligeacha mhóra

CAIBIDIL II

Tairseacha maidir leis an mbailiú sonraí

- Leis an gCaibidil seo, socraítear tairseacha le haghaidh bhailiú shonraí iascaigh an Aontais dá dtagraítear i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1167 ón gCoimisiún ^(*).
- Níl sé sainordaitheach do na Ballstáit sonraí bitheolaíocha a bhailiú ar stoic áirithe i gcás ina gcomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - is lú sciar an Bhallstáit sin den TAC ábhartha (aonar nó comhcheangailte) ná 10 % d'iomlán an Aontais, ach amháin má tá sciar na mBallstát lena mbaineann níos mó ná 25 % den TAC; nó
 - i gcás nach bhfuil aon TAC ann, is lú ná 10 % de mheánghabhálacha iomlána ábhartha an Aontais Eorpaigh iad gabhálacha iomlána stoic ar leith ag Ballstát arna dtabhairt i dtír le linn na 3 bliana roimhe sin; nó
 - is lú ná 200 tona gabhálacha iomlána bliantúla stoic ar leith ag Ballstát arna dtabhairt i dtír. Féadfaidh tairseach níos ísle a shainiú ag leibhéal an réigiúin mhuirí le haghaidh speicis a bhfuil riachtanas bainistithe sonracha acu.

I gcás ina sroichtear an tairseach comhchoiteann 25 % dá dtagraítear i bpointe (a), roinnfidh na Ballstáit lena mbaineann na cúraimí a bhaineann le bailiú na sonraí bitheolaíocha ar leibhéal an réigiúin mhuirí chun a áirithiú go gcumhdófar na stoic ábhartha trí shampláil i gcomhréir le riachtanais úsáideoirí deiridh.
- Is iad na tairseacha mar a leagtar amach i gceanglais Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (RFMO) a mbeidh feidhm acu maidir le speicis faoin RFMO maidir le tuinnín.
- Ní bheidh feidhm ag aon tairseach maidir leis na speicis seo a leanas:
 - speicis dhédhromacha; agus
 - speicis íogaire mar a shainmhínítear in Airteagal 6(8) de Rialachán (AE) 2019/1241 ón gComhairle ^(†).
- Ní bheidh feidhm ag aon tairseach maidir le meastacháin ghabhála a fháil ó ghabhálacha áineasa. Aontófar agus comhordófar ar leibhéal an réigiúin mhuirí na tairseacha maidir le sonraí bitheolaíocha a bhailiú ó ghabhálacha áineasa agus is ar riachtanais úsáideoirí deiridh a bheidh siad bunaithe.
- Gan dochar d'oibleagáidí sonracha idirnáisiúnta faoi na hEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh, níl sé sainordaitheach sonraí bitheolaíocha a bhailiú i gcás inar lú ná 10 % sciar an Aontais de stoc a shaothraítear ar bhonn idirnáisiúnta.

^(*) Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1167 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2021 lena mbunaítear an creat ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe ó 2022 (IO L 253 51).

^(†) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascach a chaomhnú agus le héiceachórais mhara a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

7. A mhéid a bhaineann le bailiú na sonraí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil maidir le dobarshaothrú:
- níl sé sainordaitheach do na Ballstáit sonraí den chineál sin a bhailiú má tá táirgeadh dobarshaothraithe iomláin an Bhallstáit níos lú ná 1 % de thairgeadh dobarshaothraithe iomláin an Aontais de réir meáchain agus luacha araon;
 - níl sé sainordaitheach do na Ballstáit sonraí den chineál sin a bhailiú maidir le speicis a chuimsíonn níos lú ná 5 % de thairgeadh dobarshaothraithe an Bhallstáit de réir meáchain agus luacha araon; agus
 - i gcás ina bhfuil táirgeadh dobarshaothraithe iomláin an Bhallstáit idir 1 % agus 2,5 % de thairgeadh dobarshaothraithe iomláin an Aontais de réir meáchain agus luacha araon, féadfaidh an Ballstát sin modheolaíochtaí simplithe a úsáid chun sonraí den sórt sin a mheas.

Ríomhfar na tairseacha dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) ar bhonn an fhoilseacháin Eurostat is déanaí faoi shonraí an Bhallstáit ábhartha.

Gan dochar do phointí (a), (b) agus (c), baileoidh na Ballstáit sonraí maidir le luach agus meáchan a dtáirgthe dobarshaothraithe, ar bhonn bliantúil.

CAIBIDIL III

Srathú geografach de réir réigiúin

Chun sonraí iascaigh an Aontais a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Tarmilgthe (AE) 2021/1167 a bhailiú, beidh feidhm ag na sainmhínte ar na limistéir gheografacha maidir le réigiúin mhuirí a liostaítear i dtábla 2 thíos.

Tábla 2

Srathú geografach de réir réigiúin

Na limistéir ba cheart a bheith cumhdaithe chun críocha DCF	Réigiún	Réigiún Supra ⁽¹⁾
Muir Bhailt (limistéar FAO 27)	Limistéir ICES 3b-d	Muir Bhailt
An tArtach Thoir, an Mhuir Ioruch, Muir Barents, Skagerrak agus Kattegat, an Mhuir Thuaidh agus an Mhuir nloch Thoir, An tAtlantach Thoir Thuaidh agus an Mhuir nloch Thiar (limistéar FAO 27)	Limistéir ICES 1, 2, 3a, 4 agus 7d Limistéir ICES 5, 6, 7 (ach amháin 7d), 8, 9, 10, 12 agus 14	An Mhuir Thuaidh agus an tArtach Thoir An tAtlantach Thoir Thuaidh
An tAtlantach Thiar Thuaidh (limistéar FAO 21)	Limistéar Choinbhinsiún NAFO	Muir Bhailt; An Mhuir Thuaidh; An tArtach Thoir; NAFO; uiscí leathnaithe an Iarthuaiscirt (limistéir ICES 5, 6 agus 7) agus uiscí leathnaithe an Iardheiscirt (limistéir ICES 10, 12 agus 14)
An tAtlantach Thoir Láir (limistéar FAO 34)	Limistéar Choinbhinsiún CECAF	
An tAtlantach Thiar Láir (limistéar FAO 31)	Limistéar Choinbhinsiún WECAFC (*)	
An tAtlantach Thoir Theas (limistéar FAO 47)	Limistéar Choinbhinsiún SEAFO	
An tAigéan Ciúin Theas (limistéir FAO 81 agus 87)	Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO	
An tAigéan Atlantach agus na farraigí máguaird (FAO 21, 27, 31, 37, 41, 47, 34, 48)	Limistéar Choinbhinsiún ICCAT	
An tAigéan Indiach (limistéir FAO 51 agus 57)	Limistéar Choinbhinsiún IOTC	
An tAigéan Indiach (limistéir FAO 51 agus 57)	Limistéar Choinbhinsiún SIOFA	
An tAigéan Indiach (limistéir FAO 51 agus 57)	Limistéar Choinbhinsiún CCSBT	

An tAigéan Ciúin Thiar Láir (limistéar FAO 71)	Limistéar Choinbhinsiún WCPFC		
An tAigéan Ciúin Thoir Láir (limistéar FAO 77 agus 87)	Limistéar Choinbhinsiún IATTC		
An tAigéan Antartach agus an tAigéan Indiach Theas (limistéar FAO 48, 58 agus 88)	Limistéar Choinbhinsiún CAMLR		
Na réigiúin is forimeallaí san Aontas Eorpach	Uiscí an Aontais Eorpaigh móorthimpeall Mayotte agus oileáin la Réunion	Na réigiúin is forimeallaí	Muir Bhailt; An Mhuir Thuaidh; An tArtach Thoir; NAFO; uiscí leathnaithe an Iarthuaiscirt (limistéar ICES 5, 6 agus 7) agus uiscí leathnaithe an Iardheiscirt (limistéar ICES 10, 12 agus 14)
	Uiscí an Aontais Eorpaigh móorthimpeall Ghuáin na Fraince, Martinique, na hOileáin Guadalupe		
	Uiscí an Aontais Eorpaigh móorthimpeall na nAsór (FAO 27.10.a.2)		
	Uiscí an Aontais Eorpaigh móorthimpeall Mhaidéara agus na nOileáin Canárach (FAO 34.1.2)		
An Mheánmhuir agus an Mhuir Dhubh (limistéar FAO 37)	GFCM FGL 1-29	An Mheánmhuir agus an Mhuir Dhubh	An Mheánmhuir agus an Mhuir Dhubh

(¹) Aon soitheach nach bhfuil i mbun iascaireacht fhadraoin, leithdháilfear é chuig réigiún *supra* bunaithe ar an líon laethanta ar muir (níos mó ná 50 %) a caitheadh sa réigiún *supra*.

(*) lena n-eisiatar uiscí an Aontais Eorpaigh

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)